



An Roinn Oideachais  
Department of Education

# Cáilíocht an Oideachais le haghaidh Leanaí agus Daoine Óga ón Úcráin

## Feabhra 2024

## **Brollach**

Tá áthas orm *Cáilíocht an Oideachais le haghaidh Leanaí agus Daoine Óga ón Úcráin* a chur i láthair thar ceann Chigireacht na Roinne Oideachais. Is cuid lárnach de dhearbhu cáilíochta an tsoláthair oideachais in Éirinn í cigireacht. Dírítear ann ar fheabhsú i bhfoghlaim agus i bhfolláine leanaí agus daoine óga a chothú agus ar spriocanna cothromais agus ionchuimsitheachta a chur chun cinn. Roinneann an Chigireacht torthaí ó chigireachtaí leis an gcóras oideachais chun tacú leis na spriocanna uileghabhálacha oideachais, ionchuimsitheachta agus cothromais lena bhfuil oideachasóirí agus lucht déanta beartas in Éirinn ag dréim a ghluaiseacht chun cinn.

Cuireann an tuarascáil seo i láthair na tátail ó seachtó a hocht cigireacht scoile, a rinneadh idir Meán Fómhair agus mí na Nollag 2023. Díríodh sna cigireachtaí seo ar cháilíocht an oideachais a fhaigheann leanaí agus daoine óga ón Úcráin i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna. I mí Eanáir 2024 bhí os cionn 18,000 leanbh agus duine óg ón Úcráin i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna na hÉireann: 11,165 i mbunscoileanna agus 6,838 in iar-bhunscoileanna. Tá suaitheadh suntasach mar thaithí ag na leanaí agus na daoine óga seo ina saolta, lena n-áirítear bogadh go tír nua agus dul i dtaithe ar chultúr nua. Tá taithí ag go leor díobh ar chaillteanas agus bíonn siad buartha faoi theaghlaigh agus faoi chairde i dtíortha éagsúla. Tugann siad taithí, mothúcháin, dearcthaí, iompraíochtaí agus buanna éagsúla leo agus iad ag teacht go nua chuig ár scoileanna. Céim thábhachtach don chúnaimh dóibh agus dá dteaghlaigh agus iad ag dul i dtaithe ar agus ag oiriúnú go rathúil dá gcúinsí is ea go gcinntítear go mothaíonn leanaí agus daoine óga ón Úcráin go bhfuil fáilte rompu, go ndéantar iad a ionchuimsiú agus go léirítear meas orthu sna scoileanna lena mbaineann siad, agus ina bpobail nua.

Cuireann an tuarascáil seo roinnt torthaí spreagúla i láthair. Bhí bearta i bhfeidhm ag beagnach gach scoil a ndearnadh cigireacht uirthi lena chinntiú go raibh mothú muintearais lena bpobal scoile nua mar eispéireas ag leanaí agus daoine óga ón Úcráin agus a dtuismitheoirí. Bhí cáilíocht an oideachais go maith nó go han-mhaith in os cionn trí cheathrú de na seachtó a hocht scoil a ndearnadh cigireacht orthu. Déantar roinnt moltaí sa tuarascáil freisin chun gafacht agus rannpháirtíocht leanaí agus daoine óga ón Úcráin lena gcuid oideachais in Éirinn a fheabhsú. Ina measc seo tá tuismitheoirí leanaí réamhscoile ón Úcráin a spreagadh le leas a bhaint as soláthar um Foghlaim agus Cúram na Luath-Óige (FCLÓ) ar ardchaighdeán, tinreamh scoile na leanaí agus na ndaoine óga a fheabhsú, agus faisnéis shoiléir, inrochtana a chur ar fáil ar an gcaoi inar féidir leo dul chun cinn a dhéanamh chuig breisoideachas nó chuig saol na hoibre nuair a chríochnaíonn siad Ardteistiméireacht na hÉireann.

## *Cáilíocht an Oideachais le haghaidh Leanaí agus Daoine Óga ón Úcráin*

Tá sé mar aidhm ag an gCigireacht leis an obair seo, cuidiú le córas oideachais na hÉireann leanúint ag soláthar foghlaim ardcháilíochta don ghlúin leanaí agus daoine óga seo agus do na glúnta atá le teacht. Déanaimid é seo trí mheastóireacht agus tuairisciú go cothrom agus go hoibiachtúil ar cháilíocht an tsoláthair do na scoileanna féin, d'Airí agus dá Ranna, do na seirbhísí éagsúla a thacaíonn le scoileanna agus don phobal. Tá sé mar chomhchuspóir againn eispéiris foghlama agus saoil gach leanbh agus duine óg a fheabhsú, lena n-áirítear iad siúd a tháinig go hÉirinn ó thíortha eile. Tá súil agam go gcuirfidh an tuarascáil seo leis an sprioc sin.

Táim faoi chomaoin ag múinteoirí, ceannairí scoile, leanaí agus daoine óga a roinn a ndearcthaí agus a smaointe ar obair a scoileanna le linn na gcigireachtaí seo. Tá ardmheas ag an gCigireacht ar a dtuairimí agus a rannpháirtíocht.

Yvonne Keating

Príomhchigire

Feabhra 2024.

## **Contents**

<b>1. Réamhrá</b>	<b>1</b>
<b>2. Cáilíocht an oideachais le haghaidh leanaí agus daoine óga ón Úcráin</b>	<b>5</b>
<b>3. Teagasc agus foghlaim</b>	<b>9</b>
<b>4. Cleachtais ionchuimsitheacha</b>	<b>15</b>
<b>5. Rannpháirtíocht agus gafacht</b>	<b>18</b>
<b>6. Conclúidí</b>	<b>26</b>
<b>7. Moltaí</b>	<b>34</b>

## 1. Réamhrá

Tá sé mar fhís ag an Roinn Oideachais córas oideachais atá ar an gcáilíocht is airde a sholáthar ina n-airíonn gach ball dár bpobail oideachais, lena n-áirítear leanaí agus daoine óga, a dteaghlai agus an fhoireann ar fad a bhíonn gafa leo, go dtacaítear leo agus go bhfuil meas orthu. Agus an fhís seo á comhlánú, tá an Roinn tiomanta d'oideachas ardchaighdeán a sholáthar agus d'eispéiris foghlama a fheabhsú chun freastal ar riachtanais gach linbh agus duine óig<sup>1</sup>. Sa chomhthéacs seo, agus i bhfianaise na gclárúchán suntasach ag leanaí agus daoine óga ón Úcráin i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna na hÉireann ó mhí Feabhra 2022, déantar cur síos sa tuarascáil seo ar cháilíocht an oideachais a soláthraíodh le haghaidh na leanaí agus daoine óga seo. Tá an tuarascáil bunaithe ar fhianaise ó sheachtó a hocht cigireacht a rinneadh idir Meán Fómhair agus mí na Nollag 2023.

### 1.1 Comhthéacs

Ó mhí Feabhra 2022, tá méadú suntasach ar líon na leanaí agus na ndaoine óga atá cláraithe i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna in Éirinn.

Tábla 1.1 Líon na leanaí agus na ndaoine óga ón Úcráin cláraithe i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna idir mí an Mheithimh 2022 agus mí na Nollag 2023.

	Mí an Mheithimh 2022	Mí na Nollag 2022	Mí an Mheithimh 2023	Mí na Nollag 2023
Líon na leanaí ón Úcráin cláraithe i mbunscoileanna	5,043	8,824	10,135	11,173
Líon na ndaoine óga ón Úcráin cláraithe in iar-bhunscoileanna	2,238	4,930	5,484	6,843
<b>Iomlán</b>	<b>7,281</b>	<b>13,754</b>	<b>15,619</b>	<b>18,016</b>

Mar fhreagairt ar na rollúcháin mhéadaithe, tá raon tacaíochtaí curtha i bhfeidhm ag an Roinn Oideachais a chuireann ar chumas scoileanna freastal ar riachtanais oideachais leanaí agus daoine óga ón Úcráin<sup>2</sup> agus Iarratasóirí eile ar Chosaint Idirnáisiúnta (IClanna).<sup>3</sup>

<sup>1</sup> [Ráiteas Straitéise na Roinne Oideachais](#)

<sup>2</sup> Tráth foilsithe, bhí breis agus 18,000 leanbh/duine óg ón Úcráin cláraithe i scoileanna na hÉireann.

<sup>3</sup> Is iad Iarratasóirí ar Chosaint Idirnáisiúnta ná daoine a bhfuil a dtír fágtha acu agus atá ag lorg cosanta i dtír eile

### Tacaíochtaí oideachais speisialta breise

Faigheann scoileanna a chláraíonn leanaí agus daoine óga ón Úcráin agus IClanna uaireanta breise teagaisc oideachais speisialta (TOS) agus uaireanta breise cúntóirí riachtanas speisialta (CRSanna). Tá na leithdháiltí bunaithe ar thairseacha céimnithe rollaithe agus tá sé mar chuspóir acu a chinntiú gur féidir le scoileanna soláthar a dhéanamh le haghaidh leanaí agus daoine óga ón Úcráin sna timpeallachtaí is ionchuimsithí agus is féidir. Tráth foilsithe, rinneadh 225 post sealadach TOS (127 i mbunscoileanna agus 98 in iar-bhunscoileanna) agus 305 post CRS (168 i mbunscoileanna agus 137 in iar-bhunscoileanna)<sup>4</sup> a leithdháileadh faoin scéim seo.

### Tacaíochtaí teanga breise

Tá fáil ag scoileanna freisin ar acmhainní teagaisc breise faoin Scéim Leithdháilte d'Iontrálaithe Nua (LIN)<sup>5</sup> chun tacú leo freastal ar riachtanais leanaí agus daoine óga a bhfuil Béarla á fhoghlaim acu mar theanga bhreise (BTB). Tráth foilsithe, bhí 1,470 post múinteoireachta coibhése lánaimseartha (CL) leithdháilte ag an Roinn faoin scéim, 1034 i mbunscoileanna agus 436 in iar-bhunscoileanna.

Tábla 1.2 Leithdháiltí bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna faoin Scéim Leithdháilte d'Iontrálaithe Nua

Scéim Leithdháilte d'Iontrálaithe Nua	Bunscoileanna	Iar-bhunscoileanna	Iomlán
Poist choibhése lánaimseartha	1034	436	1,470

Mar aon leis na leithdháiltí a shoiléirítear thuas, tá leanaí agus daoine óga ón Úcráin san áireamh sa líon iomlán ar rolla a scoile. Faigheann scoileanna áirithe uaireanta breise teagaisc nó poist bhreise teagaisc dá bharr mar gheall ar rollú leanaí nó daoine óga ón Úcráin sa scoil.

### Treoir le haghaidh scoileanna

I mí Mheán Fómhair 2023, d'fhoilsigh an Roinn Oideachais treirdhoiciméid ar leith le haghaidh bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna ar an soláthar oideachais le haghaidh leanaí agus daoine óga ón Úcráin. Tá na treirdhoiciméid sin ar fáil [anseo](#). Áiríodh leis an treoir eolas ar chónogas agus muintearas a chothú, tinreamh a chur chun cinn, comhpháirtíochtaí a fhorbairt le tuismitheoirí/caomhnóirí agus soláthar le haghaidh leanaí

<sup>4</sup> Figiúirí ón Rannóg Oideachais Speisialta an 6 Samhain 2023

<sup>5</sup> Ní bhaineann an scéim seo le rollú leanaí agus daoine óga ón Úcráin amháin, ach le gach scoláire a bhfuil Béarla mar theanga bhreise acu.

agus daoine óga a bhfuil riachtanais speisialta agus bhreise oideachais acu. D'fhoilsigh an Roinn comhairle freisin maidir le tacú le foghlaimoirí ilchineálacha ó thaobh cultúir agus teanga mar aon le comhairle ón tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (SNSO) maidir le tacú le foghlaim agus le dul chun cinn leanaí agus daoine óga ón Úcráin.

### **Treoir le haghaidh leanaí agus daoine óga**

Rinne an Roinn Oideachais gearrthóga físe gairide de leanaí agus daoine óga ón Úcráin agus iad ag caint faoin taithí a bhí acu ar bhunscoileanna agus iar-bhunscoileanna in Éirinn. Dearadh na gearrthóga físe seo le haghaidh leanaí agus daoine óga ón Úcráin agus a dtuismitheoirí. Labhraíonn na leanaí agus daoine óga in Úcráinis sna gearrthóga, faoi thopaicí amhail an chaoi a ndearna siad cairdeas agus ar thug múinteoirí cabhair dóibh Béarla a fhoghlaim. Is féidir teacht ar an ngearrthóg físe le haghaidh bunscoileanna [anseo](#) agus ar an ngearrthóg físe le haghaidh iar-bhunscoileanna [anseo](#). Cuirtear leis na gearrthóga le raon post meán sóisialta ar an gcóras oideachais in Éirinn le haghaidh teaghlaim ón Úcráin agus iad postáilte ar chuntas meán sóisialta na Roinne.

### **Tacaíochtaí don aistriú ón iar-bhunscoil**

Bhunaigh an Roinn Breisoideachais, Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta (DFHERIS)<sup>6</sup> trí scéim chun tacú le daoine óga ón Úcráin agus IClanna eile aistriú ón iar-bhunscoil go breisoideachas:

- Scéim Sealadach Tacaíochta um Táillí Teagaisc: Ceadaítear leis seo do dhaoine óga agus IClanna leas a bhaint as tacaíocht um tháillí teagaisc le haghaidh cúrsaí fochéime agus iarchéime.
- Stipinn airgeadais le haghaidh mic léinn ardoideachais lánaimseartha (Deontas Náisiúnta Erasmus): Soláthraítear leis seo deontas míosúil do dhaoine óga agus cúrsa lánaimseartha faofa á dhéanamh acu in institiúid ardoideachais atá maoinithe go poiblí.
- Sparántacht um Cúrsa Iar-Ardteistiméireachta (PLC) le haghaidh daoine díláithrithe: Soláthraítear leis seo deontas míosúil le haghaidh daoine óga atá ag freastal ar PLC faofa.

Tá eolas faoi na scéimeanna seo ar fáil [anseo](#).

### **Foirne Réigiúnacha Oideachais agus Teanga (REALT)**

In 2022, bhunaigh an Roinn, i gcomhar leis na comhpháirtithe oideachais, Foirne Réigiúnacha Oideachais agus Teanga (REALT) faoi choimirce na mBord Oideachais agus Oilúna (BOOanna). I ngach ceann de na sé limistéar déag BOO, feidhmíonn an REALT

---

<sup>6</sup> Tá freagracht ag DFHERIS as an earnáil Breisoideachais agus Ardoideachais, printiseachtaí agus dhul chun cinn chun saol na hoibre

chun rochtain ar oideachas a sholáthar le haghaidh leanaí agus daoine óga atá in aois scoile ón Úcráin agus IClanna agus chun tacaíocht a sholáthar dá dteaghlaigh agus do na scoileanna ina bhfuil siad cláraithe. Cuireann an REALT comhairle agus tacaíocht ar fáil don Roinn freisin maidir le háiteanna scoile a rochtain, nuair is gá, agus soláthar seirbhísí oideachais a chomhordú do scoileanna agus do theaghlaigh.

### **Iompar scoile**

Chuir an Roinn córais i bhfeidhm chun iompar scoile a sholáthar le haghaidh leanaí agus daoine óga ón Úcráin agus cinntíodh nach raibh orthu siúd a bhain leas as iompar sa scoilbhliain 2022/23 ath-iarratas a dhéanamh don scoilbhliain 2023/24.

### **Múinteoirí a oileadh san Úcráin**

Tá próiseas saincheaptha bunaithe ag an gComhairle Mhúinteoireachta, i gcomhairle leis an Roinn, chun tacú le clárú agus grinnfhiosrúchán múinteoirí Úcránacha cáilithe. Tráth foilsithe, bhí céad daichead a hocht múinteoir Úcránach cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta.



---

## 2. Cáilíocht an oideachais le haghaidh leanaí agus daoine óga ón Úcráin

### 2.1 Réamhrá

Tá gá le fíis shoiléir d'ionchuimsiú, do cheannaireacht éifeachtach, agus do chuir chuige comhaontaithe scoile uile i leith cheiliúradh na héagsúlachta le haghaidh oideachas éifeachtach leanaí agus daoine óga ón Úcráin<sup>7</sup>. Ba chóir go mbeadh cultúr agus timpeallacht na scoile mar cheann ina mothaíonn gach leanbh agus duine óg go bhfuil fáilte rompu agus go bhfuil meas orthu as cé hiad féin. Nuair a bhíonn an soláthar éifeachtach, bíonn an cultúr le mothú ar fud na timpeallachta scoile uile, sna seomraí ranga aonair agus sna suíomhanna foghlama eile. Soláthraítear le creat cáilíochta na *Cigireachta Ag Breathnú ar an Scoil Againne (ABSA)* na critéir mheastóireachta agus táscairí agus tagarmharcanna ar leith chun tacú le hathbheithniú inmhéanach agus seachtrach ar cháilíocht an tsoláthair.

Is í an chéad chéim i dtaca le soláthar éifeachtach oideachais le haghaidh leanaí agus daoine óga ón Úcráin ná measúnú riachtanas, ag baint úsáid as cineálacha éagsúla cur chuige measúnaithe. Cuireann measúnú éifeachtach ar chumas múinteoirí riachtanais iomlánaíocha na leanaí agus na ndaoine óga a shainaithint i gceart agus tacaíocht a shaincheapadh chun freastal ar na riachtanais sin. Nuair a shainaithnítear na riachtanais, ní mór do mhúinteoirí ansin spriocanna soiléire a bhunú chun aghaidh a thabhairt ar na riachtanais aitheanta sin. Baineann teagasc ardcháilíochta freisin le húsáid a bhaint as cuir chuige teagaisc a dheartar go cúramach agus le gníomhaíochtaí foghlama a sholáthar a thugann dúshlán agus tacaíocht do na leanaí agus daoine óga. Ionas go mbeidh sé éifeachtach, ba chóir go dtarlódh an teagasc agus an fhoghlaim i dtimpeallacht ionchuimsitheach, comhlánaithe le tacaíocht, de réir mar is gá. Tá an cur chuige seo lárnach chun cothromas agus rannpháirtíocht iomlán gach leanbh agus daoine óg a chur chun cinn i saol na scoile.

### 2.2 Na cigireachtaí

Idir Meán Fómhair agus mí na Nollag 2023, rinne an Chigireacht seachtó a hocht cigireacht theagmhasach ar dhaichead bunscoil agus tríocha hocht iar-bhunscoil ina raibh fócas ar cháilíocht an oideachais le haghaidh leanaí agus daoine óga ón Úcráin. Ar an iomlán, bhí 2,469 leanbh ón Úcráin sna scoileanna a ndearnadh cigireacht orthu; 998 sna bunscoileanna agus 1,471 sna hiar-bhunscoileanna. Díriodh sna cigireachtaí ar na réimsí seo a leanas:

---

<sup>7</sup> Baineann sé seo leis na leanaí agus daoine óga go léir ar Iarratasóirí ar Chosaint Idirnáisiúnta iad.

- Cáilíocht na n-eispéireas teagaisc agus foghlama a sholáthraíodh le haghaidh leanaí agus daoine óga ón Úcráin
- An chaoi inar thacaigh scoileanna le hionchuimsiú agus rannpháirtíocht leanaí agus daoine óga ón Úcráin
- Leibhéal rannpháirtíochta agus gafachta leanaí agus daoine óga ón Úcráin i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna.

Ní bhfuair scoileanna aon réamhfhógra faoi na cigireachtaí teagmhasacha. Thug na cigireachtaí deis do chigirí meastóireacht a dhéanamh ar chuir chuige scoile uile maidir le hionchuimsiú agus rannpháirtíocht leanaí agus daoine óga ón Úcráin agus meastóireacht a dhéanamh ar theagasc agus ar fhoghlaim i seomraí ranga agus i suíomhanna tacaíochta. Thug siad deis freisin do chigirí a bheith gafa le múinteoirí agus ceannairí scoile agus cur chuige gach scoile i leith an tsoláthair le haghaidh leanaí agus daoine óga ón Úcráin a phlé.<sup>8</sup>

Déanann na cigireachtaí clár cigireachta eile a chomhlánú, a rinneadh i Meán Fómhair agus Deireadh Fómhair 2023, a díriodh ar conas a freastalaíodh ar riachtanais foghlama na leanaí agus na ndaoine óga a bhí ag foghlaim an Bhéarla mar theanga bhreise (BTB) i raon comhthéacs scoile. Soiléirítear sa tuarascáil a d'eascair as na cigireachtaí BTB<sup>9</sup> na láidreachtaí sa soláthar le haghaidh leanaí agus daoine óga a bhfuil an Béarla á fhoghlaim acu mar theanga bhreise agus aithnítear ann réimsí tábhachtacha feabhais i líon suntasach scoileanna, mar a bhaineann le gnéithe den chleachtas i dtaca le measúnú agus planáil cláir foghlama teanga aonair difreáilte chun freastal ar riachtanais BTB ar leith.

## 2.3 Sampla scoileanna

Roghnaigh cigirí sampla scoileanna ó liosta scoileanna na Roinne Oideachais ina raibh leanaí agus daoine óga ón Úcráin cláraithe. Áiríodh daichead bunscoil agus tríocha is a hocht iar-bhunscoil sa sampla deiridh de na cuairteanna cigireachta.

### Bunscoileanna

Tháinig an daichead bunscoil ar tugadh cuairt orthu ó cheithre chontae dhéag ar fud na gceithre chúige. Bhí seachtar déag dalta sa scoil ba lú agus cúig chéad daichead a naoi sa scoil ba mhó. Tá rolluithe iomlána na mbunscoileanna ar tugadh cuairt orthu léirithe i dTábla 2.1.

---

<sup>8</sup> Sa Treoir maidir le Cigireacht i mBunscoileanna agus i Scoileanna Speisialta atá foilsithe leagtar amach na nósanna imeachta iomlána le haghaidh Cigireachtaí Teagmhasacha i mbunscoileanna. Tá na nósanna imeachta maidir le Cigireachtaí Teagmhasacha in iar-bhunscoileanna leagtha amach sa Treoir maidir le Cigireachtaí in Iar-Bhunscoileanna atá foilsithe.

<sup>9</sup> Freastal a dhéanamh ar Riachtanais Breise Teanga: Cur Chuige Scoile Uile agus Ranga i dtaca le Foghlaim Ionchuimsitheach

Tábla 2.1 Rolluithe sna daichead bunscoil

Rollú iomlán sa scoil	1 – 99	100 - 199	200 - 299	300 - 399	400+
Líon bunscoileanna	9	15	8	6	2

Bhí fiche a haon den daichead bunscoil sa chlár Comhionannas Deiseanna a Sheachadadh i Scoileanna (DEIS)<sup>10</sup>. Bhí oideachas trí mheán na Gaeilge á sholáthar ag ceithre scoil agus ba oideachas trí mheán an Bhéarla a bhí á sholáthar ag na tríocha sé scoil eile.

San iomlán, bhí naoi gcéad nócha a hocht leanbh ón Úcráin cláraithe sna daichead bunscoil ar tugadh cuairt orthu. Ochtar leanbh ón Úcráin an líon ba lú in aon scoil amháin agus caoga an líon ba mhó. Is mar seo a leanas a bhí na huimhreacha iomlána sa daichead scoil:

Tábla 2.2 Rolluithe leanaí ón Úcráin sna daicheadh bunscoil ar tugadh cuairt orthu

Líon leanaí ón Úcráin	0 – 09	10 - 19	20 - 29	30 - 39	40 - 49	50+
Líon bunscoileanna	1	12	15	8	3	1

In ocht scoil is fiche den daichead scoil ar tugadh cuairt orthu, ba leanaí ón Úcráin ní ba lú ná an cúigiú cuid de rollachán iomlán na scoile. I naoi gcinn de na scoileanna ba leanaí ón Úcráin idir aon chúigiú agus leath den rollachán iomlán agus i dtrí scoil ba leanaí ón Úcráin idir leath agus ochtó faoin gcéad den rollachán iomlán.

Tábla 2.3 Leanaí ón Úcráin mar chéadátán den rollú iomlán sna daichead bunscoil

% leanaí ón Úcráin	<20	21 - 49	50 - 81
Líon bunscoileanna	28	9	3

### Iar-bhunscoileanna

Tháinig na iar-bhunscoileanna a roghnaíodh do na cuairteanna cigireachta ó chúig chontae dhéag ar fud na gceithre chúige. Bhí céad seachtó sé duine óg cláraithe sa scoil ba lú agus bhí míle cúig chéad caoga is a haon cláraithe sa scoil ba mhó.

Is mar seo a leanas atá na rolluithe sna tríocha hocht scoil:

<sup>10</sup> Príomhthionscanamh beartais na Roinne chun aghaidh a thabhairt ar mhíbhuntáiste oideachasúil

Tábla 2.4 Rolluithe sna tríocha hocht iar-bhunscoil ar tugadh cuairt

Rollú iomlán	100 - 300	301- 500	501 - 700	701 - 900	901- 1,100	1,101+
Líon scoileanna	5	13	10	3	4	3

Bhí seacht gcinn déag de na hiar-bhunscoileanna faoi phátrúnacht BOO, ba mheánscoileanna deonacha dhá cheann déag díobh, agus ba scoileanna pobail agus cuimsitheacha na naoi gcinn eile. Bhí sé cinn déag de na tríocha hocht iar-bhunscoileanna sa chlár DEIS. Bhí cúig scoil is tríocha ag feidhmiú trí mheán an Bhéarla agus i ngach ceann de na trí scoil eile bhí aonad lán-Ghaeilge ina raibh roinnt daoine óga ag fáil a gcuid oideachais trí mheán na Gaeilge.

San iomlán, bhí míle ceithre chéad seachtó a haon leanbh ón Úcráin sna tríocha hocht iar-bhunscoil ar tugadh cuairt orthu. Ba é an líon ba lú daoine óga ón Úcráin in aon scoil ar leith ná aon duine dhéag agus an ba é an líon ba mhó daoine óga in aon scoil amháin ná céad duine. Is mar seo a leanas a bhí na rolluithe iomlána sna hiar-bhunscoileanna go léir a ndearnadh cigireacht orthu:

Tábla 2.5 Rolluithe daoine óga ón Úcráin sna tríocha hocht iar-bhunscoil ar tugadh cuairt orthu

Líon daoine óga ón Úcráin	1 - 19	20 - 29	30 - 39	40 - 49	50 - 59	60 - 69	70 - 79	80+
Líon iar-bhunscoileanna	6	9	10	2	4	3	2	2

In ocht scoil is fiche den daichead scoil ar tugadh cuairt orthu, ba dhaoine óga ón Úcráin ní ba lú ná cúig faoin gcéad de rollachán iomlán na scoile. I gcúig scoil déag, ba dhaoine óga ón Úcráin idir cúig agus deich faoin gcéad den rollachán iomlán; agus in ocht scoil eile chuimsigh siad idir aon déag agus cúig déag faoin gcéad den rollachán. Sna trí scoil eile, ba dhaoine óga ón Úcráin breis is cúig déag faoin gcéad den rollachán.

Tábla 2.6 Daoine óga ón Úcráin mar chéadatán den rollú iomlán sna tríocha hocht iar-bhunscoil ar tugadh cuairt orthu

% Daoine óga ón Úcráin	<5	5 - 10	11 - 15	15+
Líon iar-bhunscoileanna	12	15	8	3

## 3. Teagasc agus foghlaim

Bhí cáilíocht eispéiris oideachais leanaí agus daoine óga ón Úcráin go han-mhaith nó go maith in os cionn seachtó cúig faoin gcéad de na scoileanna a ndearnadh cigireacht orthu. Bhí an teagasc ní ba lú ná sásúil i ndeich faoin gcéad de na scoileanna agus bhí cáilíocht na foghlama ní ba lú ná sásúil i mbeagnach ocht faoin gcéad de na scoileanna.

Tábla 3.1 Cáilíocht an teagaisc agus na foghlama ag leanaí agus daoine óga ón Úcráin

	Cáilíocht iomlán an teagaisc		Cáilíocht iomlán na foghlama	
	L	%	L	%
An-mhaith	22	28.2	21	26.9
Go maith	37	47.4	40	51.3
Sásúil	11	14.1	11	14.1
Measartha	8	10.3	6	7.7
Lag	0	0	0	0

### 3.1 Cáilíocht an teagaisc

#### Láidreachtai

Bhí an teagasc go maith nó go han-mhaith i gcaoga naoi de na seachtó hocht scoil. Go hiondúil sna scoileanna seo leag múinteoirí béim ar aithne a chur ar na leanaí agus na daoine óga agus chuir siad ard-dearbhu agus an-tacaíocht ar fáil dóibh. I roinnt scoileanna, ghlac na múinteoirí páirt san oiliúint, a chur an SNSO fáil, ar chuir chuige tráma-bhunaithe agus bhí siad seo á n-úsáid go han-éifeachtach chun freastal ar riachtanais shochmhothúchána na leanaí agus na ndaoine óga.

Nuair a bhí an teagasc go maith nó go han-mhaith, bhí na múinteoirí ullmhaithe go maith, bhí raon acmhainní acu chun tacú leis an bhfoghlaim, agus bhain siad úsáid an-soiléir agus an-fheidhmiúil as teanga. Mar shampla, chuir siad treoracha soiléire ó bhéal ar fáil, agus rinne siad iad seo a athrá agus a mhionathrú de réir mar ba ghá. Rinne siad an teanga a bhain go sonrach le hábhar agus a bhí de dhíth ar leanaí agus daoine óga chun páirt a ghlacadh a oiread agus ab fhéidir leo sna ceachtanna a eiseamláiriú agus a theagasc. Baineadh úsáid rialta ansin as an teanga seo i rith na gceachtanna agus treisíodh é trí léiriú amhairc. I roinnt scoileanna, bhí an Úcráinis ar taispeáint sna seomraí ranga, agus, i sampla de dhea-chleachtas an-mhaith, dhírigh an múinteoir aird ar na cosúlachtaí idir an Úcráinis agus an Béarla. Gné eile den dea-chleachtas ab ea úsáid teicnící éifeachtacha ceistiúcháin. Áit a raibh an éifeacht ba mhó ag baint leis seo, chuir múinteoirí ‘am feithimh’ cúí ar fáil do na freagraí.

Sna cásanna ab éifeachtaí, chinntigh na múinteoirí freisin go raibh deiseanna ag gach leanbh agus duine óg rath a bheith ar a gcuid foghlama. Chinntigh na múinteoirí sin go raibh tascanna foghlama ag teacht le leibhéil chumais na leanaí agus na ndaoine óga, ag cur dá

bharr le difreáil éifeachtach. Chuir roinnt múinteoirí bealaí éagsúla ar fáil freisin do na leanaí agus daoine óga chun a gcuid oibre a chur i láthair: scríofa, clóscríofa nó ó bhéal. I roinnt scoileanna, labhair múinteoirí leis na leanaí agus na daoine óga faoina gcuid foghlama, spreag siad iad chun naisc a chruthú le cásanna fíorshaoil, agus chuir siad straitéisí ar fáil dóibh le húsáid nuair a bhí gníomhaíochtaí dúshlánach dóibh.

I suíomhanna tacaíochta ina raibh an teagasc go maith nó go han-mhaith, bhí spriocanna sonracha agus intomhaiste, a bhí bunaithe ar eolas ó mheasúnaithe, ag na múinteoirí do na leanaí agus daoine óga. Gné shuntasach de chleachtas an-mhaith i scoil a bhí mar chuid den Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta<sup>11</sup> ná gur baineadh leas as na straitéisí scoile uile céanna don luath-thumoideachas i dteanga na scoile do leanaí na hÉireann agus na hÚcráine araon. Áiríodh leis na straitéisí úsáid a bhaint as na contanaim dul chun cinn i gCuraclam Teanga na Bunscoile chun torthaí foghlama sa teanga a mheas.

Sna scoileanna ina raibh an teagasc go maith nó go han-mhaith, rinne na múinteoirí riachtanais teanga na leanaí agus na ndaoine óga a mheas, ag baint úsáid as Fearas Measúnaithe na Bunscoile nó as tacar uirlisí measúnaithe *Integrate Ireland Language and Training (IILT)* le haghaidh iar-bhunscoileanna. Sa chleachtas ab éifeachtaí, bhain na múinteoirí úsáid as torthaí measúnaithe chun próifílí teanga a fhorbairt le haghaidh na leanaí agus na ndaoine óga, chun spriocanna teanga a shocrú agus chun saintacaíochtaí a oiriúniú dóibh.

### **Gnéithe le feabhsú**

Sna hocht scoil in raibh an teagasc ní ba lú ná sásúil, ní raibh measúnú déanta ag na múinteoirí ar chumas teanga na leanaí ná na ndaoine óga sa Bhéarla nó bhain siad úsáid as cuir chuige mheasúnaithe an-teoranta. Mar shampla, in dhá iar-bhunscoil, rinneadh riachtanais teanga na ndaoine óga a mheas ar theacht dóibh ach ní dhearnadh aon mheasúnuithe i ndiaidh sin. I mbunscoil ina raibh an cleachtas lag, ní raibh sa mheasúnú ach breathnóireachtaí neamhfhoirmiúla agus, i mbunscoil eile, rinne na múinteoirí scileanna aithinte focal na ndaltaí amháin a mheas.

Sa líon beag scoileanna ina raibh an teagasc ní ba lú ná sásúil bhí gá le hullmhúchán ní ba chúramaí don mhúinteoireacht, measúnú ní ba chríochnúla ar riachtanais na leanaí agus na ndaoine óga, agus úsáid ní ba forleithne as cuir chuige teagasc ar leith ar nós réamhtheagasc an eochairfhoclóra. Mhol na cigirí do mhúinteoirí ina leithéid de scoileanna deiseanna ní b'fhéarr a chur ar fáil do na leanaí agus na daoine óga chun a dteanga a chleachtadh trí chomhráite lena bpiaraí. I scoileanna eile, moladh do mhúinteoirí úsáid ní

---

<sup>11</sup> Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta na Roinne Oideachais

b'fhéarr a bhaint as acmhainní chun tacú le leanaí agus daoine óga an curaclam a rochtain agus aiseolas ní ba chuimsithí a sholáthar dóibh ar a gcuid oibre.

## **3.2 Cáilíocht na foghlama**

### **Láidreachtaí**

I scoileanna ina raibh an fhoghlaim go maith nó go han-mhaith, bhí na timpeallachtaí fáilteach agus dearfach agus bhí na leanaí agus na daoine óga gafa go fóinteach i dtascanna foghlama a dearadh chun freastal ar a gcuid riachtanas. Gné sheasmhach de shuíomhanna éifeachtacha foghlama ba ea córas páirtithe teanga a úsáid, a thacaigh le sealbhú teanga agus le hionchuimsiú araon. Bhain roinnt scoileanna úsáid as seomraí tiomnaithe freisin chun eispéiris thacúla foghlama a sholáthar. Mar shampla, d'úsáid bunscoil seomra tacaíochta teagaisc chun deiseanna a thabhairt do leanaí teanga a úsáid i suíomhanna nádúrtha, ar nós tósta a dhéanamh agus deochanna a iarraidh, agus chuir iar-bhunscoil an seomra BTB ar fáil mar sheomra croíláir a bhí le húsáid ag daoine óga má bhí tacaíocht nó comhairle de dhíth orthu. D'fhostaigh cúig cinn de na scoileanna, bunscoil amháin agus ceithre iar-bhunscoil, múinteoirí nó CRSanna ón Úcráin, agus bhain siad úsáid an-éifeachtach astu chun tacú leis na heispéiris foghlama.

I measc na n-eispéireas éifeachtach foghlama a bhí le feiceáil sna bunscoileanna bhí deiseanna don chomharfhoghlaim le piaraí agus deiseanna páirt a ghlacadh i bhfoghlaim nithiúil agus ghníomhach trí, mar shampla, rólímirt. In go leor de na bunscoileanna seo, d'oibrigh múinteoirí tacaíochta teanga i gcomhar le múinteoirí ranga chun teanga a réamhtheagasc; bhí sé seo an-éifeachtach chun tacú le rannpháirtíocht leanaí sna ceachtanna. I measc na n-eispéireas éifeachtach foghlama eile bhí cuairteanna ar an leabharlann áitiúil ina raibh deiseanna ag leanaí leabhair dháttheangacha a léamh. Áiríodh le heispéiris foghlama dhearfacha i ranganna speisialta i mbunscoileanna deiseanna chun scoileanna cumarsáide agus ginchumas teanga a fhorbairt trí úsáid a bhaint as córais chumarsáide mhalartacha ar nós Córais Chumarsáide um Mhalartú Pictiúr (PECS) agus LÁMH<sup>12</sup>. I scoil amháin, bhí an múinteoir ranga speisialta i dteagmháil le teiripeoirí urlabhra áitiúla chun tacú le hidirghabhálacha sonracha a chur i bhfeidhm do leanaí. I mbeagnach gach ceann de na bunscoileanna rinneadh leanaí ón Úcráin a imeascadh go han-éifeachtach ina seomraí ranga príomhshrutha agus thug cigirí faoi deara go raibh siad 'gafa agus spreagtha chun foghlama le linn na gceachtanna go léir'. Tá sé spésiúil gur ceacht Fraincise, cuid den chlár um Theangacha lasachta Nua-Aimseartha, a bhí i gceann de na ceachtanna sin agus luaigh an cigire gur bhain na daoine óga ón Úcráin 'an-taitneamh as foghlaim na Fraincise agus go raibh siad lánpháirteach sna gníomhaíochtaí teanga trí mheán na Fraincise'.

---

<sup>12</sup> Córas cumarsáide malartach bunaithe ar Chóras Comharthaíochta na hÉireann

Sna hiar-bhunscoileanna ina raibh an fhoghlaim go maith nó go han-mhaith, rinneadh na daoine óga ón Úcráin a imeascadh i ranganna príomhshrutha agus bhí rochtain acu ar an gcuraclam iomlán. Sna scoileanna seo, tugadh tacaíocht dóibh trí mheascán de chur chuige aonair agus de chur chuige foirne. I roinnt scoileanna, tugadh bileoga in Úcráinis dóibh agus bhain siad úsáid as teicneolaíochtaí digiteacha, ar nós léitheoirí tumoideachais, chun cabhrú leo na tascanna a chur i gcríoch. Bhain gníomhaíochtaí foghlama lena réimsí spéise freisin. Mar shampla, i gceacht staire amháin, chruthaigh an múinteoir nasc idir an topaic agus gnéithe ábhartha de stair na hÚcráine. Rinne scoil eile gearrchúrsa de chuid na Sraithe Sóisearaí a dhearadh i Rúisis do na leanaí go léir.

### Gnéithe le feabhsú

I measc na moltaí le haghaidh feabhsúcháin sna sé scoil ina raibh an fhoghlaim ní ba lú ná sásúil iontu bhí na suíocháin a eagrú d'fhonn deiseanna a uasmhéadú do leanaí agus daoine óga chun teanga a fhorbairt agus cairdis a bhunú lena bpiaraí. Moladh eile, a bhain leis sin, ná go laghdófaí an méid ama a ndearnadh leanaí agus daoine óga ón Úcráin a aistharraingt ó ranganna príomhshrutha le haghaidh tacaíochta i ngrúpaí beaga.

## 3.3 Cleachtas comhchoiteann múinteoirí

Baineann cleachtas comhchoiteann múinteoirí leis na bealaí ina gcomhoibríonn múinteoirí sa scoil, nó go proifisiúnta lena chinntiú go bhfuil cur chuige comhsheasmhach ann i leith an teagaisc, na foghlama agus na tacaíochta do leanaí agus daoine óga. Bíonn sé dúshlánach do leanaí agus daoine óga ón Úcráin dul i dtáthí ar thimpeallacht scoile nua i dtír nach bhfuil taithí acu uirthi. Cuidítear go mór leanaí agus daoine óga a shocrú isteach ina scoil nua má bhíonn córais agus gnáthaimh chomhsheasmhacha sna ranganna ar fad agus má thugtar am do mhúinteoirí chun dul chun cinn leanaí agus daoine óga a chláraíonn go nua sa scoil a phlé.

Bhí cleachtas comhchoiteann na múinteoirí maidir le tacú le leanaí agus daoine óga ón Úcráin an-mhaith nó go maith i mbeagnach seasca a seacht faoin gcéad de na seachtó hocht scoil a ndearnadh cigireacht orthu. Bhí sé ní ba lú ná sásúil i gceathair déag faoin gcéad de na seachtó hocht scoil.

Tábla 3.2 Cáilíocht chleachtas comhchoiteann na múinteoirí

Cáilíocht fhoriomlán chleachtas comhchoiteann múinteoirí		
	Líon scoileanna	% scoileanna
An-mhaith	19	24.4
Go maith	33	42.3
Sásúil	15	19.2
Measartha	10	12.8
Lag	1	1.3



## **Láidreachtaí**

Sna seacht mbunscoil agus sa dá iar-bhunscoil déag ina raibh an cleachtas comhchoiteann go han-mhaith, bhí comhfhís forbartha ag ceannairí scoile agus múinteoirí faoin gcaoi ar cheart don scoil na leanaí agus daoine óga go léir a chuimsiú. Go suntasach, bhí an fhís seo le sonrú sa chleachtas a breathnaíodh i ranganna agus ar fud na scoile. Bhí ceannaireacht an-mhaith ar an teagasc agus ar an bhfoghlaim freisin mar aon le hardleibhéal athbhreithnithe agus machnaimh ar éifeachtacht chur chuige na scoile.

Príomhghné den chleachtas an-mhaith ab ea an comhoibriú comhchoiteann éifeachtach idir na múinteoirí tacaíochta teanga agus na múinteoirí príomhshrutha ranga nó ábhar. Nuair a d'éirigh go sármhaith leis seo, rinne na múinteoirí stór focal d'ábhair ar leith a theagasc roimh ré agus ansin thacaigh siad ansin leis na leanaí agus na daoine óga le linn na gceachtanna príomhshrutha. I roinnt iar-bhunscoileanna, d'úsáid múinteoirí teanga a gcuid ama i ranganna príomhshrutha freisin chun breathnóireacht a dhéanamh ar na leanaí agus daoine óga ag obair d'fhonn a riachtanais teanga in ábhair ar leith a chinneadh. Rinne na múinteoirí a bhí páirteach monatóireacht agus athbhreithniú go rialta ar thionscnaimh bhuíonteachais agus d'úsáid siad an t-athbhreithniú chun a gcuid teagasc a choigeartú.

I scoileanna ina raibh an-chomhoibriú idir múinteoirí, roinn baill ábhartha de phearsanra na scoile eolas faoi na leanaí agus daoine óga. I measc na mball foirne bhí múinteoirí príomhshrutha agus múinteoirí tacaíochta teanga, múinteoirí oideachais speisialta, CRSanna agus comhordaitheoirí teagmhála baile, scoile agus an phobail (TBSP). Bhain scoileanna úsáid as straitéisí éagsúla chun tacú le heolas a roinnt. I roinnt scoileanna, tháinig múinteoirí le chéile i ngrúpaí ranga chun cuir chuige teagaisc a phlé agus chun athbhreithniú a dhéanamh ar an gcaoi ar cuireadh i bhfeidhm iad sna seomraí ranga. I roinnt iar-bhunscoileanna, bhí múinteoirí teanga ag obair i gcomhar le ranna ábhair chun naisc thraschuraclaim a aithint. Chuir roinnt scoileanna am tiomnaithe ar fáil ag cruinnithe foirne chun plé a dhéanamh ar chuir chuige scoile uile maidir le hionchuimsiú, dea-chleachtas a roinnt agus páirt a ghlacadh i bpleanáil chomhoibríoch.

I dteannta an chúnaimh ó raon múinteoirí agus CRSanna, bhí struchtúir ní ba leithne i bhfeidhm ag go leor iar-bhunscoileanna chun tacú le daoine óga ón Úcráin. Ina measc seo bhí foirne tacaíochta scoláirí, córais teagascóra 'seiceáil agus déan teagmháil', córais pháirtíochta agus, i gcúpla scoil, rochtain ar shíceolaithe agus teiripeoirí ealaíne. I roinnt scoileanna, d'oibrigh múinteoirí le chéile chun acmhainní scoile a oiriúnú do leanaí agus daoine óga ón Úcráin. Bhí moil BTB ag roinnt iar-bhunscoileanna agus d'fhorbair múinteoirí i scoil amháin leabharlann dhigiteach agus leabhar Úcránach.

### **Gnéithe le feabhsú**

In aon cheann déag de na seachtó a hocht scoil bhí scóip le haghaidh comhoibriú feabhsaithe idir múinteoirí. Sna scoileanna sin, moladh cuir chuige comhaontaithe scoile uile maidir le measúnú a dhéanamh ar riachtanais na leanaí agus na ndaoine óga agus moladh deiseanna breise le haghaidh comhphlé eagraithe idir múinteoirí ar chuir chuige teagaisc cuí. Mhol cigirí freisin go raibh gá le rannpháirtíocht bhreise idir múinteoirí tacaíochta agus múinteoirí príomhshrutha chun ailíniú ní ba dhlúithe a chinntiú idir na gníomhaíochtaí foghlama i suíomhanna tacaíochta agus príomhshrutha.

---

## 4. Cleachtais ionchuimsitheacha

Déanann Eagraíocht Oideachais, Eolaíoch agus Chultúrtha na Náisiún Aontaithe (UNESCO) ionchuimsiú a shainmhíniú mar 'próiseas chun aghaidh a thabhairt ar agus freagairt do riachtanais gach foghlaimeora trí rannpháirtíocht san fhoghlaim, i gcultúir agus i bpobail a mhéadú, agus trí eisiámh laistigh agus ón oideachas a laghdú'.<sup>13</sup> Tá an tuiscint seo ar ionchuimsiú ag teacht leis an gcur chuige i gcóras oideachais na hÉireann. Tá sé mar bhuntaca ag treoir na Roinne do scoileanna maidir le soláthar oideachais le haghaidh leanaí agus daoine óga ón Úcráin [agus Iarratasóirí eile ar Chosaint Idirnáisiúnta (IClanna)], ina gcomhairlítear do scoileanna soláthar a dhéanamh dóibh i dtimpeallacht ionchuimsitheach taobh lena bpiaraí. Cuireann a leithéid de chur chuige deiseanna saibhre ar fáil do scoileanna chun pobail ionchuimsitheacha a thógáil agus a fhorbairt tuilleadh agus saibhrítear iad le héagsúlacht chultúr agus chúlraí na leanaí agus na ndaoine óga atá ag teacht leis an éagsúlacht sa tsochaí.

Bhí raon tacaíochtaí chun leanaí agus daoine óga ón Úcráin a ionchuimsiú sna seachtó a hocht scoil ar tugadh cuairt orthu. Rinneadh na tacaíochtaí seo a chatagóiriú faoi na ceanteidil seo a leanas:

- Tacaíocht d'ionduchtú leanaí agus daoine óga nuair a chláraíonn siad sa scoil
- Soláthar faisnéise do thuismitheoirí
- Úsáid ateangairí
- Leithdháileadh foirne atá inniúil san Úcráinis
- Obair chomhordaitheoirí TBSP i scoileanna DEIS
- Tuismitheoirí a ionchuimsiú i saol na scoile

### 4.1 Tacaíocht don ionchuimsiú

Bhí sain-tacaíochtaí ionduchtúcháin i bhfeidhm ag tromlach na scoileanna le haghaidh leanaí agus daoine óga ón Úcráin. Ba iad na tacaí ba mhinice a breathnaíodh ná leabhráin ionduchtaithe, i mBéarla agus i dteangacha baile na leanaí. De ghnáth bhí eolas faoin scoil, faoin gcuraclam a bhí á sholáthar, agus faoi chóras oideachais na hÉireann sna leabhráin seo. Thionól go leor scoileanna cruinnithe freisin idir thuismitheoirí agus pearsanra scoile sa scoil nó sa chóiríocht chónaithe. D'eagraigh roinnt scoileanna turas timpeall na scoile do na leanaí agus daoine óga agus a dtuismitheoirí. Bhí córais i bhfeidhm ag go leor bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna chun éide scoile, téacsleabhair agus stáiseanáireacht a chur ar fáil ar chlárú dóibh. I roinnt iar-bhunscoileanna ina raibh an

---

<sup>13</sup> UNESCO. 2005. Guidelines for Inclusion: Ensuring Access to Education for All. Ich.13. Paris: UNESCO.

cleachtas go maith nó go han-mhaith, bhí cláir ionductaithe struchtúrtha ann chun tacú le daoine óga ón Úcráin agus IClanna. Chruthaigh scoil amháin nasc le soláthraithe áitiúla cúrsaí Iar-Ardteistiméireachta agus chuir scoileanna eile cláir shaincheaptha ar fáil chun cuidiú leis an aistriú ón tSraith Shóisearach go dtí an tSraith Shinsearach.

## **4.2 Soláthar faisnéise do thuismitheoirí**

Mar aon le cruinnithe ionductúcháin, d'eagraigh roinnt scoileanna cruinnithe faisnéise ar thopaicí ar nós sealbhú teanga an Bhéarla, gnéithe den churaclam, ar nós Matamaitic, agus eolas faoin gcaoi ina dtacaíonn an scoil le folláine leanaí agus daoine óga. I roinnt scoileanna, tuairiscíodh gur chuir an fad idir an scoil agus an chóiríocht agus gan fáil a bheith ar thuismitheoirí de bharr socrúithe oibre bac ar roinnt thuismitheoirí freastal ar na cruinnithe seo.

Bhain go leor scoileanna úsáid as teicneolaíocht dhigiteach freisin chun faisnéis a sholáthar do thuismitheoirí. Tharla sé seo go príomha trí ardáin ar líne, tríd an bpost, trí theachtaireachtaí téacs agus na meáin shóisialta. Bhí dúshlán ann do scoileanna nuair a bhí uimhreacha gutháin thuismitheoirí cláraithe lasmuigh d'Éirinn.

## **4.3 Úsáid ateangairí**

Bhain roinnt scoileanna úsáid as ateangairí chun a chinntiú go raibh tuiscint iomlán ag thuismitheoirí ón Úcráin ar an gcumarsáid ón scoil. Bhain scoileanna úsáid as ateangairí ar thrí phríomhbhealach:

- Eolas a chur in iúl faoi pholasaithe agus cleachtais scoile
- Foghlaim leanaí a phlé, lena n-áirítear pleananna foghlama aonair a fhorbairt
- Déileáil le faisnéis íogair agus le cásanna pearsanta, lena n-áirítear ceisteanna a bhain le hábhair imní leanaí agus a dtuismitheoirí

Rinne roinnt scoileanna seirbhísí ateangaireachta gairmiúla a rochtain tríd an REALT. I scoileanna eile, d'fheidhmigh foireann a labhair Úcráinis mar ateangairí agus, i líon beag scoileanna, ba iad na leanaí a rinne an ateangaireacht dá dtuismitheoirí. Thug roinnt scoileanna dúshlán faoi deara in úsáid ateangairí, go háirithe nuair a bhain na comhráite le faisnéis a d'fhéadfadh a bheith íogair, ar nós ábhair imní ar leith a bhí ag thuismitheoirí.

## **4.4 Leithdháileadh foirne atá inniúil i dteanga baile na leanaí agus na ndaoine óga**

Bhí ball foirne ón Úcráin ag díreach os cionn an cúigiú cuid de na scoileanna ar tugadh cuairt orthu. Ina measc bhí múinteoirí, CRSanna agus foireann choimhdeach. Mheas beagnach gach ceann de na scoileanna seo gur buntáiste suntasach é seo chun caidreamh a fhorbairt le thuismitheoirí. Thug siad le fios go bhféadfadh foireann na hÚcráine thuismitheoirí

a chur ar a suaimhneas faoin scoil agus faoin gcóras oideachais i gcoitinne, iad ag gníomhú mar ateangaire agus cáipéisí scoile á n-aistriú acu.

## **4.5 Comhordaitheoirí Teagmhála Baile, Scoile agus an Phobail**

Bhí tríocha a seacht de na seachtó is a hocht scoil sa chlár DEIS agus bhí fáil ag go leor acu sin ar chomhordaitheoirí TBSP<sup>14</sup>. Bhain beagnach gach ceann de na scoileanna úsáid an-éifeachtach as an acmhainn seo chun tacú le hionchuimsiú agus rannpháirtíocht leanaí agus daoine óga ón Úcráin. I roinnt scoileanna roinn na comhordaitheoirí TBSP faisnéis riachtanach oideachais, a fuarthas trí chuartheanna baile, ag cruinnithe foirne agus go haonair le múinteoirí. Chabhraigh an próiseas seo le múinteoirí tuiscint ní b'fhearr a fháil ar láidreachtaí oideachais agus ar réimsí imní na leanaí agus daoine óga. I scoil eile d'fhreastail an comhordaitheoir TBSP ar na cruinnithe foirne agus iarradh ar mhúinteoirí tuairimí dearfacha a sholáthar faoi fhoghlaim na leanaí agus daoine óga a d'fhéadfaidís a roinnt lena dtuismitheoirí le linn cuairteanna baile. Rinne scoileanna eile, nach raibh fáil acu ar chomhordaitheoir TBSP, baill d'fhoireann cheannasaíochta na scoile a cheapadh chun feidhmiú mar nascmhúinteoirí le tuismitheoirí.

## **4.6 Tuismitheoirí a ionchuimsiú i saol na scoile**

Bhí struchtúir i bhfeidhm ag na scoileanna ab éifeachtaí chun tuismitheoirí ón Úcráin a bheith gafa i saol na scoile. Sa chuid ba mhó de na scoileanna, is éard a bhí i gceist ná grúpa beag a d'eagraigh gníomhaíochtaí le haghaidh tuismitheoirí eile agus a chabhraigh le hábhair a aistriú agus le cumarsáid a dhéanamh leis na tuismitheoirí go léir. I roinnt scoileanna, bhí bealaí foirmiúla ann lena chinntiú go raibh tuismitheoirí leanaí ón Úcráin bainteach le cumann na dtuismitheoirí agus, i dtrí scoil, bhí tuismitheoirí leanaí agus daoine óga ón Úcráin mar bhaill den bhord bainistíochta.

---

<sup>14</sup> Tá roinnt bheag bhunscoileanna agus iar-bhunscoileanna sa scéim TBSP, ach mar gheall ar mhéid agus shuíomh na scoile, faighdeann siad deontas seachas sannachán coordaitheoir TSBP.

---

## 5. Rannpháirtíocht agus gafacht

Dírítear aird i dtreoir a d'eisigh an Roinn gur mó an seans go mbeidh leanaí agus daoine óga tiomanta do agus gafa le saol na scoile nuair a mhothaíonn siad nasc leis an scoil agus muintearas sa scoil. Feabhsaíonn sé seo torthaí oideachais freisin agus feidhmíonn sé mar thoisc cosanta dá bhfolláine iomlán. Tá roinnt beart tábhachtach ar féidir le scoileanna a dhéanamh chun an nasc agus an muintearas a chothú. Ina measc tá leanaí agus daoine óga a shocrú sna ranganna príomhshrutha cuí, deiseanna a sholáthar chun leas a bhaint as eispéiris foghlama leathana agus chothroma agus iad a ionchuimsiú i ngníomhaíochtaí seach-churaclaim. Leagann Ard-Chomhairle na Náisiún Aontaithe do Dhídeanaithe (UNHCR)<sup>15</sup> béim ar leochaileacht na ndídeanaithe i leith na rioscaí a bhaineann le lagthinreamh scoile. Bíonn tionchar ag na rioscaí ar gach réimse den saol, lena n-áirítear sóisialú, folláine iomlán agus spriocanna cuí a bhaint amach. Dá réir sin, is tacaíocht shuntasach d'fhorbairt agus d'fholláine leanaí agus daoine óga ón Úcráin é dea-thinreamh scoile a chothú agus monatóireacht a dhéanamh orthu siúd atá i mbaol lagthinrimh.

Le linn na gcigireachtaí, thuairiscigh cigirí faoi na cúig réimse seo a leanas nuair a bhí rannpháirtíocht agus gafacht leanaí agus daoine óga ón Úcráin á mbreithniú acu i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna.

- Socrúchán ranga
- Rochtain an churaclaim
- Rannpháirtíocht i scrúduithe teistiméireachta
- Leibhéal tinrimh
- Rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí seach-churaclaim

### 5.1 Socrúchán ranga

Is tosaíocht é socrúchán leanaí agus daoine óga ón Úcráin sa rang, sa bhliainghrúpa agus sa chlár is oiriúnaí chun tacú le folláine, féiniúlacht agus muintearas, mar aon le dul chun cinn oideachais agus torthaí gnóthachtála.<sup>16</sup> Éascaíonn rochtain ar churaclam leathan cothrom sa rang an t-eolas, na scileanna agus na dearcthaí atá tábhachtach d'fhorbairt iomlán agus dul chun cinn na leanaí agus na ndaoine óga chuig na chéad chéimeanna eile san oideachas nó san fhostaíocht a fhorbairt. Dá réir sin, tá sé ina thosaíocht a chinntiú go bhfuil rochtain ag leanaí agus daoine óga ón Úcráin ar churaclam<sup>17</sup> leathan cothrom.

---

<sup>15</sup> [Stepping Up: Refugee Education in Crisis](#)

<sup>16</sup> Soláthar Oideachais do Leanaí ón Úcráin, Iarratasóirí ar Chosaint Idirnáisiúnta agus Leanaí a bhfuil Stádas Aitheanta acu Treoir do Bhunscoileanna / Iarbhunscoileanna Meán Fómhair 2023

<sup>17</sup> Airítear leis seo an Ghaeilge mura bhfuil díolúine faighte de réir Chiorclán [0054/2022](#) na Roinne Oideachais

I seachtó a sé de na seachtó a hocht scoil socraíodh leanaí agus daoine óga ón Úcráin san áit chuí i ranganna a bhí oiriúnach dá n-aois agus bhí fáil acu ar churaclam leathan cothrom. Sna scoileanna eile, bhí an socrúchán ranga míshásúil. I mbunscoil amháin, socraíodh leanaí i ranganna le daltaí i bhfad ní b'óige bunaithe ar a gcumas sa Bhéarla. In iar-bhunscoil amháin, ní raibh staidéar á dhéanamh ag na daoine óga ón Úcráin ar ábhair ag leibhéal cuí agus bhí roinnt ceachtanna ar an amchlár le haghaidh scoláirí ón Úcráin amháin. Bhí trí bhunscoil ann freisin agus, cé gur socraíodh leanaí i ranganna a bhí oiriúnach dá n-aois, ní raibh ag éirí leo freastal ar cheachtanna príomhshrutha matamaitice agus Gaeilge go rialta mar gheall ar amchlár na ranganna tacaíochta Béarla.

### **Socrúchán i ranganna príomhshrutha**

Bhí meicníochtaí freagrúla ar leith i bhfeidhm ag roinnt iar-bhunscoileanna chun tacú le hionchuirsiú daoine óga ón Úcráin. Is éard a bhí i gceist leis seo ná córas grúpaí ranga solúbtha bunaithe ar mheasúnú rialta ar dhul chun cinn, bealach éifeachtach a bhí ann lena chinntiú go gcuirfí ar chumas na ndaoine óga dul chun cinn a dhéanamh de réir a gcumas. Thug múinteoirí iar-bhunscoile láidreachtaí na ndaoine óga san Eolaíocht agus sa Mhatamaitic ach go háirithe, faoi deara, agus an gá le hidirdhealú a dhéanamh lena chinntiú go gcuirtear ar chumas na ndaoine óga uile dúshlán chuí a bheith acu chun a lánacmhainneacht a bhaint amach sna hábhair seo.

Thuairiscigh príomhoidí i mbunscoileanna gur chláraigh tuismitheoirí ón Úcráin a leanaí sna naíonáin shóisearacha go luath i ndiaidh a gceathrú lá breithe agus gur bheag taithí réamhscoile a bhí acu. Ní hionann an cleachtas seo agus leanaí a chlárú i mbunscoileanna díreach i ndiaidh dóibh ceithre bliana d'aois a bhaint amach agus na leasuithe straitéiseacha reatha mar a bhaineann le Foghlaim agus Cúram na Luath-Óige (FCLÓ) lena n-áirítear anois suas le dhá bhliain a chaitheamh i suíomh fhoghaim agus chúram na luath-óige. Tacaítear leis an mbreathnóireacht seo le réamhshonraí tosaigh ina dtugtar le fios go raibh an ceathrú cuid nach mór de leanaí na hÚcráine sna naíonáin shóisearacha ceithre bliana d'aois ar 1 Eanáir 2024. Bhí céatadán dhaonra iomlán na naíonán sóisearach a bhí ceithre bliana d'aois ar 1 Eanáir i bhfad ní b'ísle. Tugtar le fios le seo go bhféadfadh go mbeadh leanaí ón Úcráin ag cailliúint amach ar eispéiris forbartha agus shóisialta an-luachmhar mura ndéanann siad rochtain ar sheirbhísí fhoghlaim agus chúram na luath-óige, faoin straitéis an Chéad 5<sup>18</sup>, sula gcláraítear sa bhunscoil iad.

### **Socrúchán leanaí agus daoine óga Úcránacha a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu**

Sa chuid ba mhó de na scoileanna, ba léir do chigirí go raibh tacaíocht á sholáthar do leanaí agus daoine óga ón Úcráin a raibh riachtanais speisialta oideachais acu i ranganna

---

<sup>18</sup> [An Chéad 5: Straitéis Uile Riatais do naíonáin, leanaí óga agus a dteaghlaiigh 2019-2028](#)

príomhshrutha agus gur bhain siad leas as raon tacaíochtaí breise ó CRSanna agus ó mhúinteoirí oideachais speisialta. Sa chleachtas ab éifeachtaí ag leibhéal na hiar-bhunscoile, ba í foireann tacaíochta scoláirí na scoile a chomhordaigh an tacaíocht bhreise seo agus, i mbunscoileanna, ba í foireann oideachais speisialta na scoile a rinne é seo.

## **5.2 Rochtain an churaclaim**

Tugadh faoi deara i dtaighde a rinne an Chigireacht in 2022<sup>19</sup> gur lean go leor leanaí agus daoine óga ón Úcráin ag gabháil do churaclam na hÚcráine ar líne agus iad in Éirinn. Ba cheart mian leanaí agus daoine óga coinneáil le curaclam na hÚcráine a bhreithniú i gcomhthéacs na gcúinsí uathúla a bhain lena dteacht go hÉirinn, iad ag teitheadh ó chogadh agus gan pleananna fadtéarmacha acu dá socrúchán sa todhchaí. Ní mór breathnú air freisin i gcomhthéacs threoir na Roinne Oideachais ag an am a cheadaigh rannpháirtíocht leis an gcuraclam ar líne, nuair a bhí ar chumas scoileanna é sin a éascú.

Ó 2022 i leith, tá athrú tagtha ar an gcomhthéacs don ghafacht go leanúnach le curaclam na hÚcráine. In 2023, dúirt Aireacht Oideachais agus Eolaíochta na hÚcráine nach gá do leanaí ón Úcráin atá ag freastal ar scoil i mBallstát den Aontas Eorpach (AE) a bheith gafa le hoideachas na hÚcráine ar líne chun leanúint lena gcuid oideachais san Úcráin tar éis dóibh filleadh. Aithnítear i dtreoir nuashonraithe ón Roinn Oideachais go mbeidh roinnt leanaí agus daoine óga ón Úcráin ag gabháil do churaclam na hÚcráine roimh nó i ndiaidh am scoile. Moltar do scoileanna a bheith airdeallach faoi na dúshláin a chruthaíonn sé seo do na leanaí agus daoine óga. Aithnítear sa treoir freisin go mb'fhéidir go ndéanfaidh iar-bhunscoileanna rannpháirtíocht ar líne a éascú i rith an lae scoile, go hidéalach trí bhloc breise ar bhanda roghnach ar an gclár ama nó, dóibh siúd a bhfuil díolúint acu ón nGaeilge, le linn tréimhsí a mbíonn an Ghaeilge ar an gclár ama.

Thuairiscigh ochtó a cúig faoin gcéad de na scoileanna go raibh leanaí agus daoine óga acu a bhí ag gabháil do churaclaim na hÚcráine agus na hÉireann araon. Is ionann na figiúir sna bunscoileanna agus sna hiar-bhunscoileanna araon.

---

<sup>19</sup> Suirbhé Taighde ar Thaithí Scoileanna ar an Soláthar Oideachais do Leanaí agus Daoine Óga ón Úcráin (An Chigireacht, Lúnasa 2022).



**Tábla 5.1 Sciar na scoileanna a thuiriscigh go ndéanann leanaí agus daoine óga curaclam na hÚcráine a rochtain ar líne**

Líon scoileanna (L) agus % scoileanna i ngach earnáil	Bunscoileanna		Iar-bhunscoileanna		Gach scoil	
	Sea		Sea		Sea	
	L	%	L	%	L	%
An bhfuil leanaí Úcránacha ag freastal ar ranganna ar líne chun curaclam na hÚcráine a leanúint?	34	85%	32	84%	66	85%

Thuiriscigh tromlach mór na scoileanna (nócha a dó faoin gcéad) gur lasmuigh d'am scoile de ghnáth a bhí leanaí agus daoine óga ag gabháil do churaclam na hÚcráine. Ní raibh ach cúig scoil (ceithre iar-bhunscoil agus bunscoil amháin) inar thuiriscigh príomhoidí go raibh leanaí agus daoine óga gafa le curaclam na hÚcráin le linn am scoile amháin nó go príomha.

**Tábla 5.2 An uair a thuiriscítear rochtain ar líne ag leanaí agus daoine óga ón Úcráin ar churaclam na hÚcráine**

	Bunscoileanna	Iar-bhunscoileanna	Gach scoil
Le linn am scoile amháin	0% (0 scoil)	6% (2 scoil)	3%
Le linn am scoile go príomha ach uaireanta lasmuigh den scoil	3% (1 scoil)	6% (2 scoil)	5%
Go príomha lasmuigh den scoil ach uaireanta ar scoil	18% (6 scoil)	63% (20 scoil)	39%
Lasmuigh d'am scoile amháin	79% (27 scoil)	25% (8 scoil)	53%

Ní gnáthnós é go mbíonn curaclam na hÚcráine á rochtain ag leanaí bunscoile le linn am scoile. Níor thuiriscigh aon phríomhoide bunscoile go raibh rochtain ag leanaí ar churaclam na hÚcráine le linn am scoile amháin. Thuiriscigh príomhoidí i seacht gcinn de na ceithre bhunscoil is tríocha go raibh rochtain ag leanaí ar churaclam na hÚcráine *ag am éigin* i rith an lae scoile. Thuiriscigh na seacht bpríomhoide is fiche eile ina raibh curaclam na hÚcráine á rochtain ag na leanaí go raibh sé sin ag tarlú lasmuigh d'am scoile.

Tá rochtain ar churaclam na hÚcráine le linn an lae scoile níos coitianta in iar-bhunscoileanna. Thuiriscigh príomhoidí i bhfiche den tríocha a dó scoil ina raibh daoine óga ag rochtain churaclam na hÚcráine go raibh sé sin ag tarlú *uaireanta* ar scoil agus thuiriscigh beirt phríomhoidí nach raibh an curaclam á rochtain ag daoine óga ach le linn am scoile *amháin*. Thuiriscigh príomhoidí in ocht scoil go raibh curaclam na hÚcráine á rochtain ag na daoine óga lasmuigh d'am scoile amháin.

## Rannpháirtíocht i gceachtanna Gaeilge

Tábla 5.3 Céatadán leanaí agus daoine óga ón Úcráin a bhfuil Gaeilge á staidéar acu

	Níl aon duine		1-20%		50%		70-89%		90-100%	
	L	%	L	%	L	%	L	%	L	%
Bunscoil	0	-	0	-	1	2%	3	8%	36	90%
Iar-Bhunscoil	35	92%	3	8%	0	-	0	-	0	-
Iomlán	35	45%	3	4%	1	1%	3	4%	36	47%

Thug nócha faoin gcéad de bhunscoileanna le fios go raibh Gaeilge á staidéar ag leanaí ón Úcráin. Cháiligh beagnach gach duine óg iar-bhunscoile ón Úcráin le haghaidh díolúine ó staidéar na Gaeilge agus dá bharr sin thuairiscigh beagnach gach iar-bhunscoil nach raibh Gaeilge á staidéar ag daoine óga na hÚcráine. Bhí dhá chineál socráithe ag scoileanna dóibh siúd nach raibh Gaeilge á staidéar acu. Rinne 84% de na scoileanna leanaí agus daoine óga a aistharraingt le haghaidh tacaíochta in ábhair eile le linn ceachtanna Gaeilge. Sna scoileanna eile, seacht mbunscoil agus iar-bhunscoil amháin, d'fhan na leanaí agus daoine óga sa rang Gaeilge agus d'oibrigh siad ar ábhar eile go neamhspleách.

## 5.3 Rannpháirtíocht i scrúduithe teistiméireachta in Éirinn

Tábla 5.4 An rannpháirtíocht bheartaithe ag daoine óga ón Úcráin le scrúduithe teistiméireachta, mar a thuairiscigh scoileanna

An tSraith Sóisearach	L	%	An Ardeistiméireacht	L	%
Déanfaidh gach duine óg sa tríú bliain scrúduithe na Sraithe Sóisearaí	29	76%	Déanfaidh gach duine óg sa séú bliain scrúduithe na hArdeistiméireachta	27	71%
Déanfaidh an chuid is mó de na daoine óga sa tríú bliain scrúduithe na Sraithe Sóisearaí	4	11%	Déanfaidh an chuid is mó de na daoine óga sa séú bliain scrúduithe na hArdeistiméireachta	6	16%
Déanfaidh roinnt daoine óga sa tríú bliain scrúduithe na Sraithe Sóisearaí	2	5%	Déanfaidh roinnt daoine óga sa séú bliain scrúduithe na hArdeistiméireachta	1	2%
Ní dhéanfaidh aon duine óg sa tríú bliain scrúduithe na Sraithe Sóisearaí	0	0	Ní dhéanfaidh aon duine óg sa séú bliain scrúduithe na hArdeistiméireachta	3	8%

Níl aon duine óg sa tríú bliain	3	8%	Níl aon duine óg sa séú bliain	1	2%
---------------------------------	---	----	--------------------------------	---	----

Thuiriscigh ní ba mhó ná trí cheathrú de na scoileanna go raibh sé ar intinn ag gach duine óg ón Úcráin a bhí sa tríú bliain scrúduithe na Sraithe Sóisearaí a dhéanamh agus thuiriscigh an líon céanna scoileanna go raibh sé ar intinn ag gach duine sa séú bliain scrúduithe na hArdteistiméireachta a dhéanamh. Ní raibh ach trí scoil a thuiriscigh nach raibh na daoine óga a bhí cláraithe sa séú bliain chun an Ardteistiméireacht a dhéanamh.

Bhain an phríomhchúis a luaigh príomhoidí nach raibh daoine óga ag déanamh scrúduithe sa tSraith Shóisearach le tuairim na múinteoirí nach raibh dóthain ama ag na daoine óga an inniúlacht Bhéarla atá de dhíth chun na scrúduithe a dhéanamh a fhorbairt. An dara cúis a thuiriscigh na príomhoidí ná gur chuir laghinreamh na ndaoine óga teorainn lena gcumas aghaidh a thabhairt ar chlár na Sraithe Sóisearaí agus ullmhú don scrúdú. I measc na gcúiseanna eile, luaigh príomhoidí go raibh sé beartaithe ag roinnt daoine óga fillleadh abhaile, go raibh sé beartaithe ag cuid acu scrúduithe na hÚcráine a bhí ar aon dul leis an tSraith Shóisearach a dhéanamh, nó nach raibh tuiscint iomlán ag a dtuismitheoirí ar an gcaoi a n-aistreofaí marcanna scrúduithe na Sraithe Sóisearaí chuig córas na hÚcráine agus, dá bhrí sin, nach raibh siad sásta go ndéanfadh a leanbh an scrúdú.

Ba é an phríomhchúis a luaigh príomhoidí nach raibh sé beartaithe ag daoine óga ón Úcráin scrúduithe na hArdteistiméireachta a dhéanamh ná nach raibh dóthain ama acu chun an inniúlacht atá de dhíth don scrúdú a fhorbairt nó go mb'fhearr leo scrúduithe deiridh na hÚcráine a dhéanamh agus a úsáid chun bealaí chun cinn a rochtain. Tuairiscíodh, i measc na gcúiseanna eile gan an Ardteistiméireacht a dhéanamh, go raibh sé beartaithe ag daoine óga fillleadh ar an Úcráin chun scrúduithe dá leithéid céanna a dhéanamh, go raibh sé beartaithe acu fostaíocht a fháil nó cúrsaí tríú leibhéal páirtaimseartha a rochtain san Úcráin. Thuiriscigh roinnt príomhoidí freisin go raibh áit faighte ag roinnt daoine óga sa séú bliain in institiúid tríú leibhéal in Éirinn bunaithe ar thorthaí a scrúduithe san Úcráin agus, dá bhrí sin, nach raibh sé ar intinn acu an Ardteistiméireacht a dhéanamh. Bhí na daoine óga seo ag freastal ar scoil chun feabhas a chur ar a gcuid Béarla. I scoileanna áirithe bhí na daoine óga éiginnte faoin Ardteistiméireacht agus bhí siad ag obair le treoirchomhairleoirí faoi bhealaí chun cinn féideartha.

Ba chóir do scoileanna a chinntiú go mbíonn daoine óga ón Úcráin agus a dtuismitheoirí iomlán ar an eolas faoi na socrúite atá ar fáil faoi [Ciorclán S04/2019](#) agus iad a spreagadh chun scrúduithe na Sraithe Sóisearaí agus na hArdteistiméireachta a dhéanamh. Faoin gCiorclán seo, ceadaítear do dhaoine óga, nach Béarla ná Gaeilge a máthairtheanga, foclóir dátheangach a úsáid sna scrúduithe stáit. D'fhéadfadh an socrú seo a bheith an-chabhrach chun líon na ndaoine óga ón Úcráin a dhéanann scrúduithe na Sraithe Sóisearaí agus na hArdteistiméireachta a mhéadú.

## 5.4 Leibhéil tinrimh

Thuairiscigh príomhoidí go raibh leibhéil tinrimh na leanaí agus na ndaoine óga ón Úcráin go maith (tinreamh nócha faoin gcéad nó os a chionn) i gceithre cinn déag de na seachtó a hocht scoil. Thuairiscigh príomhoidí go raibh leibhéil tinrimh lag (tinreamh idir caoga agus seachtó a ceathair faoin gcéad) i gcaoga a trí de na seachtó is a hocht scoil. Ar an iomlán, bhí na leibhéil tinrimh ní b'fhearr sna hiar-bhunscoileanna ná mar a bhí sna bunscoileanna.

Tábla 5.5 Meánleibhéil tinrimh a tuairiscíodh do leanaí agus daoine óga ón Úcráin

Líon scoileanna (L) agus % scoileanna i ngach earnáil	tinreamh ≥90%		tinreamh 75-89%		tinreamh 50-74%	
	L	%	L	%	L	%
Bunscoil	4	10%	2	5%	34	85%
Iar-Bhunscoil	10	26%	9	24%	19	50%
Gach scoil	14	18%	11	14%	53	68%

Luaigh príomhoidí roinnt tosca a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar na leibhéil tinrimh. Cuireadh isteach go mór ar shaol gach linbh/duine óig agus bhí iliomad athruithe agus dúshlán rompu. Ina measc bhí dul i dtaithí ar thír agus ar chultúr nua, cóiríocht shealadach nach raibh taithí acu uirthi, agus scoil nua ina theannta sin. Bhí méala agus caillteanas mar thaithí ag cuid acu agus bhí imní orthu go leanúnach faoi bhaill teaghlaigh i dtíortha éagsúla.

Mar atá luaite thuas, thuairiscigh ochtó a cúig faoin gcéad de na scoileanna go raibh leanaí agus daoine óga ón Úcráin ag gabháil do churaclam na hÚcráine ar líne (Tábla 5.1). Cé gur tharla an rannpháirtíocht seo lasmuigh d'am scoile go príomha, d'fhéadfadh tionchar a bheith aige seo ar an tinreamh ar bhealaí éagsúla. Sa phlé a bhí acu leis na cigirí, thug príomhoidí scoile samplaí den chaoi ina raibh tús áite tugtha ag roinnt leanaí/daoine óga dá ngafacht le curaclam agus scrúduithe na hÚcráine sula ndeachaigh siad i ngleic le curaclam na hÉireann. Thuairiscigh príomhoidí go bhféadfadh go leor daoine óga a dhéanann é seo a bheith as láthair ón scoil ar feadh suas le ceithre lá in aghaidh na seachtaine ag amanna ar leith. Luaigh príomhoidí go bhféadfadh go raibh tionchar ag an ngafacht le foghlaim ar líne roimh nó tar éis am scoile ar pháirt-tinreamh nó lagthinreamh scoile, mar thoradh ar thuirse.

## 5.5 Rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí seach-churaclaim

Tábla 4.10 A mhéid a ghlac leanaí agus daoine óga ón Úcráin páirt i ngníomhaíochtaí seach-churaclaim i scoileanna

	Go mór		Roinnt áirithe		Ní tharlaíonn sé	
	L	%	L	%	L	%
Bunscoil	10	25	21	52.5	9	22.5
Iar-Bhunscoil	8	21	26	68.4	4	10.5
Iomlán	18	23	47	60	13	17

Thug an chuid ba mhó de na scoileanna le fios go raibh leanaí agus daoine óga ón Úcráin páirteach roinnt áirithe nó cuid mhór i ngníomhaíochtaí seach-churaclaim. Thuairiscigh beagnach an cúigiú cuid de na scoileanna nár ghlac leanaí agus daoine óga ón Úcráin páirt i ngníomhaíochtaí seach-churaclaim.

I measc na ngníomhaíochtaí seach-churaclaim ina raibh leanaí agus daoine óga ón Úcráin páirteach bhí clubanna obair bhaile, eitpheil, iománaíocht, snámh, sacar, lúthchleasaíocht agus ceol. Bhí roinnt scoileanna réamhghníomhach maidir le bacainní féideartha ar an rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí seach-churaclaim a laghdú, ar nós costais airgeadais. Thuairiscigh líon beag scoileanna gur eagraigh siad gníomhaíochtaí a raibh tábhacht chultúrtha ag baint leo do theaghlaigh na hÚcráine agus d'ainmnigh roinnt scoileanna baill foirne ar leith chun teagmháil rialta a bheith acu le leanaí agus daoine óga ón Úcráin chun tacú leo agus iad a spreagadh chun páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí seach-churaclaim.

Luaigh príomhoidí an spleáchas ar iompar réamheagraithe agus an fad idir an scoil agus an chóiríocht mar phríomhchúiseanna nach raibh leanaí agus daoine óga ón Úcráin páirteach i ngníomhaíochtaí seach-churaclaim. I roinnt scoileanna, thuairiscigh príomhoidí go raibh tionchar freisin ag freastal ar ranganna ar líne i gcuraclam na hÚcráine ar an rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí seach-churaclaim.

---

## 6. Conclúidí

Tá sé lárnach d'fhís agus do mhisean na Roinne Oideachais a chinntiú go gcuimsítear go hiomlán gach leanbh agus duine óg ina bpobal scoile agus go gcuirtear ar a gcumas a lánacmhainneacht a bhaint amach. Faoi láthair, tá os cionn 18,000 leanbh agus duine óg ón Úcráin i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna in Éirinn: 11,165 i mbunscoileanna agus 6,838 in iar-bhunscoileanna<sup>20</sup>. Sa tréimhse ó Mheán Fómhair go mí na Nollag 2023, chuir an Chigireacht clár cigireachtaí i gcrích a dhírigh ar cháilíocht an tsoláthair oideachais le haghaidh na leanaí agus na ndaoine óga seo. Rinneadh na cigireachtaí i seachtó a hocht scoil: daichead bunscoil agus tríocha a hocht iar-bhunscoil. Dhírigh na cigireachtaí ar na réimsí seo a leanas:

- Cáilíocht na n-eispéireas teagaisc agus foghlama a chuirtear ar fáil do leanaí agus daoine óga ón Úcráin
- An chaoi a thacaigh scoileanna le hioncuimsiú agus rannpháirtíocht leanaí agus daoine óga ón Úcráin
- Leibhéal rannpháirtíochta agus gafachta leanaí agus daoine óga ón Úcráin i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna.

Cé gur díriodh sna cigireachtaí ar cháilíocht an oideachais le haghaidh leanaí agus daoine óga ón Úcráin, baineann na cinntí agus na moltaí chomh maith céanna leis na hlarratasóirí ar Chosaint Idirnáisiúnta uile i mbunscoileanna agus iar-bhunscoileanna.

### Teagasc agus foghlaim

Bhí eispéiris teagaisc agus foghlama leanaí agus daoine óga ón Úcráin go maith nó go han-mhaith i ní ba mhó ná trí cheathrú de na seachtó a hocht scoil. Bhí na múinteoirí sna scoileanna seo dea-ullmhaithe, d'úsáid siad raon acmhainní chun tacú leis an bhfoghlaim agus d'úsáid siad teanga agus ceisteanna go han-soiléir agus go diongbháilte. Bhí timpeallachtaí foghlama na scoileanna seo an-fháilteach agus rinne siad cultúir na hÚcráine agus na hÉireann araon a cheiliúradh. Bhí deiseanna dea-phleanáilte ag na leanaí agus na daoine óga chun oibriú lena bpiaraí agus chun taithí a fháil ar rath agus ar dhúshlán cuí ina gcuid foghlama. Bhí deiseanna acu oibriú le piaraí, rud a chuir ar a gcumas cairdis a fhorbairt, a scileanna teanga a fheabhsú agus foghlaim i dteannta a chéile.

Tugadh faoi deara sna cigireachtaí go mba ghá an teagasc a fheabhsú in ocht gcinn de na seachtó a hocht scoil. Bhain an phríomhdeacracht sna scoileanna sin le cleachtas

---

<sup>20</sup> Figiúirí a chuir an Roinn Oideachais ar fáil 11 Eanáir 2024

mheasúnaithe, measúnú ar scileanna teanga na leanaí agus na ndaoine óga san áireamh, agus le faisnéis mheasúnaithe a úsáid. Moladh do na múinteoirí measúnú a dhéanamh ar riachtanais na leanaí agus na ndaoine óga roimh an teagasc agus, úsáid a bhaint as torthaí an mheasúnaithe chun gníomhaíochtaí foghlama a cheapadh d'fhonn tacú lena ndul chun cinn. I roinnt scoileanna ba ghá freisin deiseanna ní b'fhéarr a chur ar fáil do na leanaí chun oibriú lena bpiaraí Éireannacha trí ghníomhaíochtaí comhoibríocha foghlama ní ba dhea-phleanáilte agus trí na suíocháin a eagrú ar bhealach ní ba hionchuimsithí. Is réimse le feabhas é téama an mheasúnaithe atá le sonrú sna cigireachtaí dírithe ar an mBéarla mar theanga bhreise (BTB) chomh maith.<sup>21</sup> Soláthraítear samplaí de cleachtais éifeachtacha sa tuarascáil seo freisin d'fhonn feabhsuithe modheolaíochta agus soláthair a threorú i dtaca le foghlaim BTB

I ní ba mhó ná dhá thrian de na scoileanna a ndearnadh cigireacht orthu, d'oibrigh múinteoirí go maith le chéile chun tacú le leanaí agus daoine óga ón Úcráin. Sna scoileanna seo bhain an cineál ceannaireachta le comhfhis a aontú i measc gach ball de phobal na scoile agus cuir chuige chomhaontaithe scoile uile a chur i bhfeidhm i leith an teagaisc agus na foghlama. Bhí comhoibriú éifeachtach idir múinteoirí tacaíochta teanga agus múinteoirí ranga nó ábhair príomhshrutha mar thréith eile ina leithéid de scoileanna. Bhí dlúth-chomhoibriú idir na múinteoirí teanga agus na múinteoirí ranga agus ábhair chun a chinntiú go raibh tacaíocht chuí ag leanaí agus daoine óga chun ábhar an cheachta a rochtain. I roinnt scoileanna is éard a bhí i gceist ná go ndearnadh stór focal a réamhtheagasc, i scoileanna eile is éard a bhí ann ná tacaíocht aonair a sholáthar sa rang príomhshrutha. Bhain go leor de na scoileanna seo úsáid as a n-acmhainní daonna, lena n-áiríodh CRSanna, múinteoirí oideachais speisialta, múinteoirí ranga príomhshrutha, comhordaitheoirí TBSP agus ceannairí scoile, chun cur chuige scoile uile a sholáthar d'fhonn freastal ar riachtanais leanaí agus daoine óga na hÚcráine.

Moladh don líon beag scoileanna ina raibh comhchleachtas na múinteoirí ní ba lú ná sásúil cuir chuige scoile uile a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm i leith an mheasúnaithe, an teagaisc agus na foghlama le haghaidh leanaí agus daoine óga ón Úcráin. Moladh freisin go mbeadh deiseanna breise don chomhordú idir múinteoirí tacaíochta agus múinteoirí príomhshrutha, óna dtiocfaidh ailíniú níos fearr idir eispéiris foghlama i suíomhanna príomhshrutha agus tacaíochta.

Tá comhairle ar fáil in [Féinmheastóireacht Scoile: Na Chéad Chéimeanna Eile 2022-2026](#) faoin gcaoi inar féidir le scoileanna leas a bhaint as féinmheastóireacht scoile (FMS) chun spriocanna scoile agus córais a bhaint amach maidir le cothromas, ionchuimsiú, teagasc, foghlaim agus folláine. Mar chuid dá n-obair leanúnach san FMS, d'fhéadfadh ceannairí scoile leas a bhaint as an bpróiseas FMS chun sainréimsí atá le feabhsú sa soláthar le haghaidh leanaí agus daoine óga ón Úcráin a aithint. Ag brath ar an scoil, d'fhéadfaí gníomhartha chun cuir chuige sonracha teagaisc nó idirghabhálacha a chur i bhfeidhm a

---

<sup>21</sup> Freastal a dhéanamh ar Riachtanais Breise Teanga: Cur Chuige Scoile Uile agus Ranga i dtaca le Foghlaim Ionchuimsitheach

bheith san áireamh. Ba cheart monatóireacht agus athbhreithniú ar éifeachtacht na gcur chuige agus na n-idirghabhálacha seo a bheith mar chuid d'obair leanúnach na scoile san FMS.

Soláthraítear anailís agus machnamh ar chuir chuige teagaisc agus foghlama ar leith, a theastaíonn ó leanaí agus daoine óga atá ag foghlaim BTB<sup>22</sup> chun a scileanna teanga a fhorbairt agus dul chun cinn a dhéanamh sa churaclam, sa tuarascáil atá le foilsiú ar cháilíocht an tsoláthair le haghaidh leanaí agus daoine óga atá ag foghlaim BTB. Tá na cuir chuige seo thar a bheith oiriúnach do leanaí agus daoine óga ón Úcráin atá cláraithe i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna.

### **Ionchuimsiú**

Ar an iomlán, bhí obair na scoileanna chun tacú le hionchuimsiú leanaí agus daoine óga ón Úcráin an-dearfach. Léiríodh sna cigireachtaí go raibh bearta sonracha i bhfeidhm ag beagnach gach scoil chun a chinntiú gur mhothaigh leanaí agus daoine óga agus a dtuismitheoirí muintearas i bpobal na scoile. Áiríodh leis na bearta seo cultúr na hÚcráine a cheiliúradh sa timpeallacht fhisiciúil, tuismitheoirí a chur ar an eolas faoin scoil agus faoin gcóras oideachais, agus díriú ar acmhainní daonna ar nós an chomhordaitheora TBSP chun oibriú le teaghlaigh.

### **Rannpháirtíocht agus gafacht**

Tá socrúchán leanaí agus daoine óga ón Úcráin i ranganna aois-oiriúnach lárnach dá n-ionchuimsiú éifeachtach i saol na scoile. Shocraigh beagnach gach bunscoil agus iar-bhunscoil na leanaí agus na daoine óga i ranganna aois-oiriúnach. Bhain roinnt iar-bhunscoileanna úsáid as measúnú leanúnach chun na socrúcháin a athbhreithniú lena chinntiú go gcuirí ar chumas daoine óga a lánacmhainneacht a bhaint amach. Maidir le cothú an ionchuisithe, is ábhar misnigh iad na torthaí go raibh leanaí ón Úcráin ag déanamh staidéir ar an nGaeilge i nócha faoin gcéad de na bunscoileanna ar tugadh cuairt orthu, agus gur thug an chuid ba mhó de na scoileanna le fios go raibh leanaí agus daoine óga ón Úcráin páirteach roinnt áirithe, nó go mór, i ngníomhaíochtaí seach-churaclaim.

I roinnt bunscoileanna, rinneadh leanaí a aistharraingt le haghaidh tacaíochta ag amanna ar leith. Mar thoradh air sin níor éirigh leo freastal ar ábhair ar leith den churaclam, go hiondúil Gaeilge nó Matamaitic. Áit ar tharla sé seo, mhol cigirí cur chuige ní ba sholúbtha i leith an amchláir chun a chinntiú go gcuirí ar chumas na leanaí gach ábhar den churaclam a rochtain in éineacht lena bpiaraí.

---

<sup>22</sup> Ibid



In os cionn seachtó faoin gcéad de na hiar-bhunscoileanna bhí sé beartaithe ag gach duine óg ón Úcráin a bhí cláraithe sa tríú bliain nó sa séú bliain scrúduithe na Sraithe Sóisearaí nó na hArdteistiméireachta a dhéanamh. Bhain an phríomhchúis a luaigh príomhoidí nach raibh sé ar intinn ag daoine óga ón Úcráin scrúduithe na hArdteistiméireachta a dhéanamh le gan dóthain ama a bheith acu chun an inniúlacht teanga a ba ghá don scrúdú a fhorbairt, nó gurbh fhearr leo scrúduithe deiridh na hÚcráine a dhéanamh agus a úsáid chun bealaí chun cinn a rochtain.

### **Réimsí le haghaidh tuilleadh forbartha**

Ar an iomlán, fuarthas amach sna cigireachtaí go ndearna scoileanna an-iarracht tacú le hionchuimsiú agus rannpháirtíocht leanaí agus daoine óga ón Úcráin. Fuarthas amach freisin go raibh cáilíocht an teagaisc agus na n-eispéireas foghlama go maith nó go han-mhaith in os cionn trí cheathrú de na scoileanna. Dhírigh na cigireachtaí aird ar thrí shaincheist shonrach ar gá aghaidh a thabhairt orthu chun rannpháirtíocht agus gafacht leanaí agus daoine óga na hÚcráine i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna a mhéadú. Is iad seo:

- Comhairle agus tacaíocht bhreise le haghaidh tuismitheoirí leanaí réamhscoile ón Úcráin chun soláthar FCLÓ a rochtain
- Monatóireacht chúramach ar leibhéil tinrimh leanaí agus daoine óga ón Úcráin agus gníomhú chun an tinreamh a fheabhsú nuair is gá
- Faisnéis chruinn, inrochtana agus shoiléir a sholáthar ar bhealaí chun cinn agus ar thacaíocht mhaoinithe do dhaoine óga ón Úcráin ar mian leo tuilleadh staidéir a dhéanamh agus/nó dul chun cinn chuig saol na hoibre

### **Tacaíochtaí breise le haghaidh tuismitheoirí ón Úcráin chun soláthar FCLÓ a rochtain**

Léirítear sna torthaí cigireachta ó na bunscoileanna ar tugadh cuairt orthu go bhfuil leanaí Úcránacha a thosaíonn ar scoil sna naíonáin shóisearacha in Éirinn ní b'óige ná a bpiaraí Éireannacha agus, neamhchosúil le go leor dá bpiaraí Éireannacha, níor fhreastail siad ar shuíomh FCLÓ sular cláraíodh iad sa bhunscoil. Tá na torthaí seo tacaíthe ag réamhshonraí tosaigh ar leibhéal an chórais, atá ar fáil don Chigireacht ina dtugtar le fios go bhfuil níos mó leanaí Úcránacha go comhréireach atá ceithre bliana d'aois i ranganna na naíonán sóisearach ná a bpiaraí Éireannacha.

Ceann de Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe is ea a chinntiú go bhfuil rochtain ag gach leanbh ar fhorbairt agus ar chúram luath-óige ar ardchaighdeán. Tacaíonn réimse suntasach litríochta<sup>23</sup> ina leagtar béim ar na buntáistí iomadúla do leanaí a fhaigheann rochtain ar fhoghlaim agus cúram na luath-óige leis seo. I measc na mbuntáistí

---

<sup>23</sup> [OECD \(2021\) Starting Strong VI: Supporting Meaningful Interactions in Early Childhood Education and Care](#)

seo tá forbairt shóisialta agus mhothúchánach a chur chun cinn, meonta foghlama dearfacha láidre agus croí-scileanna a chothú agus an t-ullmhú don aistriú go dtí an bhunscoil. D'fhéadfadh buntáistí ar leith a bheith ag baint le cláir FCLÓ ar ardchaighdeán do leanaí ón Úcráin freisin. Mar shampla, thug an ECFE<sup>24</sup> faoi deara go gcruthaíonn an cóimheas íseal duine fásta-leanbh i suíomhanna FCLÓ timpeallacht an-chuí inar féidir le leanaí mothú sábháilte agus slán, inar féidir caidrimh ghnaíúla a chothú i measc leanaí, oideoirí agus tuismitheoirí, agus inar féidir le hoideoirí dlúthcheangal pearsanta a fhorbairt le gach leanbh.

Tá infheistíocht shuntasach déanta ag an Stát chun rochtain ar suas le dhá bhliain réamhscoile saor in aisce i suíomh FCLÓ a sholáthar do gach leanbh. Cuireadh tús leis an gclár, ar a dtugtar an [Clár um Chúram agus Oideachas na Luath-Óige \(COLÓ\)](#), in 2010 agus tugann [sonraí reatha](#) le fios go mbaineann os cionn nócha a cúig faoin gcéad de na leanaí go léir leas ar a laghad bliain amháin saor in aisce i suíomh FCLÓ. Mar aon le rochtain saor in aisce ar shuíomh FCLÓ, tá infheistíocht déanta ag an Stát freisin i raon tacaíochtaí chun ardchaighdeán, ionchuimsiú agus saibhriú a chinntiú in eispéiris luathfoghhlama leanaí.

Is tionscnamh ilghníomhaireachtaí faoi threoir an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (RLCMLÓ) é an tSamhail um Rochtain agus Ionchuimsitheachta (AIM). Tá sé mar aidhm aige timpeallacht níos ionchuimsithí a chothú i suíomhanna FCLÓ, ionas go mbeidh na leanaí uile, beann ar a gcumas, in ann páirt bhríoch a ghlacadh sa Chlár um Chúram agus Oideachas na Luath-Óige (COLÓ). Le AIM déantar tacaíochtaí uileghabhálacha agus saintacaíochtaí a thairgeadh ar fud seacht leibhéal. Tá na leanaí uile atá rannpháirteach sa chlár COLÓ i dteideal leas a bhaint as tacaíochtaí AIM le cead tuismitheoirí. Ó bunaíodh AIM in 2016, fuair breis agus fiche seacht míle leanbh saintacaíochtaí in breis agus dhá mhíle cúig chéad suíomh go náisiúnta.<sup>25</sup>

Áirítear ar na tacaíochtaí eile:

- [Tionscnamh Náisiúnta Aistear Síolta](#)
- [Scileanna a Chothú: An Plean Lucht Oibre don Luathfoghlaím agus Cúram agus Cúram leanaí ar Aois Scoile](#)

Moltar do thuismitheoirí leanaí réamhscoile ón Úcráin leas a bhaint as an gClár COLÓ; agus tá faisnéis chun tacú le teaghlaigh ar fáil [ar líne](#) ón RLCMLÓ agus trí raon gníomhaireachtaí lena n-áirítear an [Biúró um Fhaisnéis do Shaoránaigh](#) agus [Coistí Cúraim Leanaí Cathrach agus Contae](#).

I bhfianaise thorthaí na tuarascála seo, ba cheart do sholáthróirí FCLÓ, cheannairí scoile, bhaill Foirne Réigiúnacha Oideachais agus Teanga (REALT), agus Choistí Contae agus

---

<sup>24</sup> ibid

<sup>25</sup> [Measúnú deireadh bliana ar an tSamhail um Rochtain agus Ionchuimsitheachta \(AIM\)](#)

Cathrach i gcúram leanaí obair a dhéanamh ag leibhéal áitiúil d'fhonn tuismitheoirí a spreagadh chun an clár COLÓ agus tacaíochtaí Stáit níos leithne le haghaidh FCLÓ a rochtain, de réir mar is gá.

### Tinreamh scoile a mhonatóireacht agus a thacú

Léiríodh sna cigireachtaí nach raibh leibhéal tinrimh leanaí agus daoine óga ón Úcráin sásúil i gcoitinne sa chuid ba mhó de na bunscoileanna agus i leath de na hiar-bhunscoileanna. Cé go bhfuil cúiseanna ar leith (mar atá luaite i gcuid 5.4 thuas) go bhféadfadh leibhéal tinrimh na leanaí agus na ndaoine óga ón Úcráin a bheith níos ísle ná leibhéal a bpiaraí Éireannacha, is ceisteanna ar gá aird a thabhairt orthu ná cothú a rannpháirtíochta iomláine agus a ndea-thinrimh i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna.

Léiríonn taighde an tábhacht a bhaineann le tinreamh rialta scoile d'fhorbairt iomlán leanaí agus daoine óga, dá ngnóthachtáil oideachasúil agus dá ndeiseanna oibre sa todhchaí<sup>26</sup>. Do leanaí agus daoine óga ón Úcráin, tá tábhacht bhreise ag baint le tinreamh rialta scoile. Dóibh siúd, is féidir le freastal agus rannpháirtíocht ar scoil cabhrú go mór le braistint dhearfach folláine agus feidhme a chothú tar éis tráma an díláithrithe. Is féidir le tinreamh rialta scoile a bheith cosantach go bunúsach freisin, á gcosaint ón mbaol a bhaineann le coimhthíú sóisialta agus pobail. Téann sé chun tairbhe na scoile agus an chórais freisin a chinntiú go bhfreastalaíonn leanaí agus daoine óga ón Úcráin ar scoil trí eispéiris a shaihbriú do na leanaí agus na daoine óga go léir agus trí chomhtháthú sóisialta agus comhthuiscint a chur chun cinn.

Sa scoilbhliain reatha, tá an tSeirbhís Tacaíochta Oideachais Tusla (STOT), i gcomhar leis an Roinn, i mbun [Feachtas Náisiúnta Tinrimh Scoile](#). Tá an feachtas seo deartha chun an tábhacht a bhaineann le tinreamh scoile a chur chun cinn agus cuimsíonn sé sraith de sheimineáir ghréasáin do scoileanna agus stór faisnéise agus acmhainní ar chur chun cinn an tinrimh<sup>27</sup>.

Mar thacaíocht bhreise don Fheachtas Náisiúnta Tinrimh Scoile, chuir an Roinn Oideachais deontas ar fáil do scoileanna chun tinreamh rialta scoile a chur chun cinn agus a thacú. Cuireann an treoir<sup>28</sup> foilsithe ar úsáid an deontais seo comhairle ar fáil do scoileanna an maoiniú breise seo a dhíriú ar dhaoine aonair agus ar ghrúpaí atá i mbaol míbhuntáiste oideachais mar thoradh ar lagthinreamh.

I bhfianaise thorthaí na cigireachta, ba cheart do scoileanna a bhfuil leanaí agus daoine óga ón Úcráin aitheanta acu, mar leanaí a bhfuil lagthinreamh acu, úsáid iomlán a bhaint as na

<sup>26</sup> Reid K. and Kendall, L. (1982) 'A review of some recent research into persistent school absenteeism' in *British Journal of Education Studies* 30:3, 299.

Malcolm, H., Wilson, V., Davison, J. and Kirk, S. (2004) *Absence from school: a study of its causes and effects in seven LEAs*, the SCRE centre, University of Glasgow, Research Report No. 424.

<sup>27</sup> Tá na seimineáir ghréasáin ar fáil ag <https://www.tusla.ie/tess/national-school-attendance-campaign-2023-2024/>

<sup>28</sup> [Treoirlínte ar úsáid chúil Deontas Tacaíochta an Fheachtais Tinrimh do Bhunscoileanna agus Iar-Bhunscoileanna](#)

tacaíochtaí atá ar fáil tríd an bhFeachtas Náisiúnta Tinrimh agus tríd an deontas tinrimh chun a leibhéil tinrimh a fheabhasú.

### **Eolas ar chonair chun cinn agus tacaíochtaí maoinithe**

Thuairiscigh ochtó a cúig faoin gcéad de na scoileanna ar tugadh cuairt orthu go raibh leanaí agus daoine óga na hÚcráine ag gabháil do churaclam na hÚcráine. Cé gur tuairiscíodh gur tharla an teagmháil seo go príomha lasmuigh d'am scoile, cruthaíonn an dé-ualach oibre inní breise faoi fholláine daoine óga agus faoina gcumas dul i ngleic go hiomlán le curaclam na hÉireann. D'fhéadfadh tionchar a bheith aige freisin ar thinreamh scoile mar ag amanna ar leith d'fhéadfaí a bheith ag tabhairt tosaíochta d'éilimh an churaclaim ar líne seachas freastal ar scoil. Ina gcaidreamh le cigirí, thuairiscigh príomhoidí gur bhain ceann de na príomhchúiseanna le rannpháirtíocht leanúnach na leanaí agus na ndaoine óga le curaclam ar líne na hÚcráine le mian na ndaoine óga a chinntiú, nuair a bheidh a gcuid oideachais críochnaithe acu, go mbeidh conair shoiléir chun cinn acu chuig breisoideachas agus ardoideachas nó chuig saol na hoibre san Úcráin nó in Éirinn.

Tá iarrachtaí suntasacha déanta ag Rialtas na hÉireann agus ag Rialtas na hÚcráine araon chun soiléireacht a sholáthar do leanaí agus daoine óga na hÚcráine maidir lena mbealaí chun cinn sa todhchaí. Mar shampla, i mí na Bealtaine 2023, shoiléirigh Aireacht Oideachais agus Eolaíochta na hÚcráine nach gá dóibh siúd atá ag freastal ar scoil i Stát de chuid an AE a bheith gafa le hoideachas na hÚcráine ar líne d'fhonn leanúint lena gcuid oideachais san Úcráin. Tá roinnt tacaíochtaí curtha i bhfeidhm ag Rialtas na hÉireann freisin le haghaidh daoine óga ón Úcráin ar mian leo dul ar aghaidh chuig an mbreisoideachas in Éirinn. Tá faisnéis faoi na tacaíochtaí sin foilsithe [anseo](#) agus ina measc tá táillí teagaisc a íoc i leith ardoideachais lánaimseartha, deontas do dhaoine cáilithe a bhfuil cúrsa lánaimseartha á dhéanamh acu in Institiúid Ardoideachais atá maoinithe go poiblí agus deontas dóibh siúd atá i mbun cúrsa Iar-Ardoideachais (PLC).

Bheadh cumarsáid dhírithé leanúnach ar fhaisnéis a bhaineann leis na tionscnaimh dhearfacha seo tairbheach do dhaoine óga na hÚcráine agus dá dtuismitheoirí ag leibhéal na scoile agus an chórais araon, go háirithe maidir le:

- Teidlíochtaí agus riachtanais oideachais daoine óga ón Úcráin do gach pointe iontrála iarscoile in Éirinn, lena n-áirítear cláir phrintíseachta
- An chaoi a cheadófar do dhaoine óga breisoideachas agus ardoideachas a rochtain san Úcráin, más mian leo filleadh abhaile sna blianta atá le teacht

Baineann cuid den fhaisnéis atá ar fáil sa chóras faoi láthair leis an mbliain acadúil 2023/24 amháin. Cruthaíonn sé seo dúshlán do dhaoine óga reatha na bliana deiridh maidir le faisnéis a rochtain a bhaineann go díreach leo. Cruthaíonn sé dúshlán freisin dóibh siúd sa tSraith Shóisearach agus san Idirbhliain a bhfuil roghanna á ndéanamh acu don tsraith shinsearach.

Mar sin, tá sé tráthúil don Roinn Oideachais agus don Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta (RBATNE) dul i dteagmháil leis an [Lárionad Náisiúnta Faisnéise um Shoghluaisteacht Acadúil](#) san Úcráin le fáil amach an nglacfaidh institiúidí breisoideachais agus ardoideachais san Úcráin leis an Ardteistiméireacht bhunaithe, an Ardteistiméireacht Fheidhmeach agus le Gairmchlár na hArdteistiméireachta. A luaithe a bhíonn an t-eolas sin faighte, ba cheart do pháirtithe leasmhara ábhartha, lena n-áirítear an RBATNE agus Institiúid na dTreoirchomhairleoirí, iniúchadh a dhéanamh ar an mbealach is fearr chun faisnéis chruinn, inrochtana agus soiléir a scaipeadh faoi chonairí dul chun cinn agus faoi thacaíochtaí maoinithe do dhaoine óga na hÚcráine ar mian leo staidéar breise a dhéanamh agus gluaiseacht ar aghaidh chuig saol na hoibre. Ba cheart go gcuimseodh an fhaisnéis seo:

- Conairí dul chun cinn in Éirinn agus san Eoraip dóibh siúd a ghnóthaíonn teastas Ardteistiméireachta na hÉireann
- Faisnéis maidir le táillí, deontais agus tacaíochtaí airgeadais Breisoideachais agus Ardoideachais na hÉireann, mar shampla Tacaíocht Chomhchoiteann do Mhic Léinn in Éirinn (SUSI), agus na critéir cháilitheacha dóibh sin.

---

## 7. Moltaí

1. Ní mór eolas a chothú i measc tuismitheoirí leanaí agus daoine óga ón Úcráin, agus iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta a bhfuil leanaí óga acu, faoin gclár um Chúram agus Oideachas na Luath-Óige (COLÓ), lena gcuirtear suas le dhá bhliain d'oideachas réamhscoile státmhaoinithe ar fáil do leanaí laistigh den aoisraon incháilithe mar aon leis na tacaíochtaí Stáit níos leithne atá ar fáil lena chinntiú go mbíonn rochtain ag leanaí ar eispéiris luathfhoghlama ar ardcháilíocht (amhail an Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí agus an tSamhail um Rochtain agus Ionchuidsiú (AIM)). Tá faisnéis foilsithe ag an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (RLCMLÓ) agus ag an Roinn Oideachais faoin rithábacht agus ardluach a bhaineann le heispéiris luathfhoghlama ar ardcháilíocht le haghaidh gach linbh agus faoi na tacaíochtaí Stáit atá ar fáil. Ina thaobh seo, tá feidhm uile ag an RLCMLÓ agus an RO, ag na Foirne Réigiúnacha Oideachais agus Teanga (REALT) agus ag na Coistí Contae agus Cathrach i gCúram Leanaí (CCCanna) maidir leis an faisnéis seo a scaipeadh.

Ina theannta sin, ag leibhéal áitiúil, ba chóir do sholáthróirí FCLÓ, cheannairí scoile, REALT agus CCCanna obair a dhéanamh chun tuismitheoirí a spreagadh chun an clár COLÓ agus na tacaíochtaí Stáit níos leithne a rochtain, nuair ba ghá, d'fhonn na heispéiris is fearr do gach leanbh a chinntiú. Lena chinntiú go nglactar cur chuige stuama ag leibhéal áitiúil, ba chóir smaoineamh ar ionadaí ón CCC a áireamh ar REALT.

2. Ba cheart do scoileanna agus do bhoird bhainistíochta a bhfuil leanaí agus daoine óga ón Úcráin aitheanta acu mar leanaí a bhfuil lagthinreamh acu úsáid iomlán a bhaint as na tacaíochtaí atá ar fáil tríd an bhFeachtas Náisiúnta Tinrimh agus tríd an deontas tinrimh chun a leibhéil tinrimh a fheabhsú.
3. Ba cheart do na páirtithe leasmhara ábhartha, le tacaíocht ón Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, faisnéis inrochtana agus shoiléir a sholáthar ar bhealaí chun cinn agus ar thacaíocht mhaoinithe le haghaidh daoine óga ón Úcráin ar mian leo tuilleadh staidéir a dhéanamh agus dul ar aghaidh chuig saol na hoibre.